# Páipéar Cúlra

## Eacnamaíocht Bhaile

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Bealtaine 2016

# An Clár Ábhar


1. Réamhrá 5

2. Cúlra 7

2.1 Forbairt na hEacnamaíochta Baile mar ábhar scoile dara leibhéal 7

2.2 Siollabas Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh 8

2.3 Scrúdú Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh 9

2.3.1 Scrúdú scríofa 10

2.3.2 Scrúdú Bia agus Scileanna Cistineacha 10

2.3.3 Obair thionscadail don Staidéar Roghnach 11

2.4 Siollabas Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh a athchothromú 13

2.5 Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta 18

Achoimre Roinne 19

3. Taithí ar Eacnamaíocht Bhaile sa tsraith shóisearach 21

3.1 Seasamh reatha na hEacnamaíochta Baile 21

3.2 Éagothroime Inscne san Eacnamaíocht Bhaile 22

3.3 Comhairliúchán le daoine óga ar athchóiriú na Sraithe Sóisearaí 22

3.4 Taighde ITES 23

Achoimre Roinne 25

4. Oideachas Eacnamaíocht Bhaile sa 21ú haois 26

4.1 Fealsúnacht bhunúsach na hEacnamaíochta Baile 26

4.2 Fadhbanna praiticiúla rialta 27

4.3 Smaointeoireacht chórasach i ngníomh 28

4.4 Oideolaíocht mar bhonn agus mar thaca ag oideachas Eacnamaíocht Bhaile 29

4.5 An t-ainm ‘Eacnamaíocht Bhaile’ 31

4.6 Eacnamaíocht Bhaile agus Folláine 33

Achoimre Roinne 34

5. Nithe a raibh tionchar acu ar oideachas Eacnamaíocht Bhaile sa 21ú haois 35

5.1 Athruithe ar an teaghlach agus ar chórais shóisialta 35

5.2 Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe agus maireachtáil fhreagrach 36

5.3 Inniúlacht i gcúrsaí bia agus sláinte 37

5.4 Bainistíocht acmhainní agus baile 39

Achoimre ar an Rannóg 41

6. Eacnamaíocht Bhaile – Dearcadh idirnáisiúnta 42

6.1 Aidhm an oideachais Eacnamaíocht Bhaile: Achoimre idirnáisiúnta 42

6.2 Struchtúr an churaclaim Eacnamaíocht Bhaile: achoimre idirnáisiúnta 45

Achoimre ar an Rannóg 48

7. Sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile sa tSraith Shóisearach nua 49

8. Páipéar Treorach don Athbhreithniú ar Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí 51

Tagairtí 55

# 1. Réamhrá

Cuirfear tús le hEacnamaíocht Bhaile mar ábhar Chéim a Ceathair sa tsraith nua shóisearach i mí Mheán Fómhair 2018. Foilseofar an curaclam agus sonraíocht mheasúnaithe d'Eacnamaíocht Bhaile bliain roimhe sin, i mí Mheán Fómhair 2017. Tugtar cúlra sa pháipéar seo d'fhorbairt sonraíochta d'Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí.

Tugtar breac-chuntas ar dtús sa pháipéar ar fhorbairt na hEacnamaíochta Baile mar ábhar Teastais Shóisearaigh agus an chaoi a ndearnadh siollabas 1991 a bhunú air sin. Déantar tagairt freisin don obair forbartha a rinneadh chun an siollabas a athchothromú in 2008. Fiosraítear sprioc an oideachais Eacnamaíocht Bhaile don 21ú aois agus scrúdaítear forbairtí san Eacnamaíocht Bhaile ag an dara leibhéal i dtíortha eile. Ar deireadh, leagtar treoir amach d'fhorbairt sonraíochta nua d'Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí.

# 2. Cúlra

## 2.1 Forbairt na hEacnamaíochta Baile mar ábhar scoile dara leibhéal

Sular tháinig siollabas 1991 d'Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh ar an bhfód, ní raibh curaclam comónta ann don oideachas eacnamaíocht bhaile sa tsraith shóisearach ar an iar-bhunscoil. Bhí dhá chlár staidéir ann – Eolaíocht Bhaile an Teastais Grúpa agus Eacnamaíocht Bhaile na Meánteistiméireachta. Díríodh go príomha sa dá chlár staidéir ar fhorbairt scileanna praiticiúla, go háirithe mar a bhain siad le cócaireacht, le fuáil agus le bainistíocht bhaile. Dhá bhliain a bhí i gceist le hEolaíocht Bhaile (Eacnamaíocht Bhaile) an Teastais Grúpa agus chlúdaigh sé roinnt mhaith réimsí foghlama, cócaireacht, fuáil, bainistíocht bhaile agus níochán ina measc, agus cuireadh an mhórchuid de na huaireanta ar leataobh don chócaireacht (150 uair). Bhíodh scrúdú praiticiúil ag deireadh an chúrsa ar chúrsaí cócaireachta, fuála, bainistíochta baile agus níocháin agus scrúdú scríofa ar Eolaíocht Bhaile (an Roinn Oideachais, 1982).

Bhí sé mar aidhm ag an Meánteistiméireacht trí bliana *oideachas ginearálta tomhaiste a chur ar fáil a d'fheilfeadh do scoláirí a fhágann an t-oideachas lánaimseartha ina ndiaidh agus iad thart ar 16 bliana d'aois nó, murach sin, do scoláirí ar mian leo coinneáil orthu le cúrsaí staidéir ag leibhéal níos airde* (an Roinn Oideachais, 1984, lch 21). Is bunaithe ar scileanna go príomha a bhí an siollabas Eacnamaíocht Bhaile le roinnt ionchur teoiriciúil. Bhí trí mhór-réimse staidéar i gceist leis – Bia agus Cócaireacht, Bainistíocht Bhaile agus Sláinteachas agus Fuáil (Maintíneacht Bhunúsach san áireamh) agus scrúdú scríofa ag an deireadh. Cuireadh an cháipéis siollabais i láthair mar liosta topaicí agus níor cuireadh réasúnaíocht scoite, aidhmeanna ná cuspóirí san áireamh ann (an Roinn Oideachais, 1984).

Níor baineadh úsáid as an téarma Eacnamaíocht Bhaile go hoifigiúil in oideachas na hÉireann go dtí 1968. Is Eolaíocht Bhaile an t-ainm a bhí ar an ábhar roimhe seo. Mar thoradh ar an athbhreithniú ar an gcúrsa Ardteistiméireachta agus ar thabhairt isteach an tsiollabais don Eacnamaíocht Bhaile (Sóisialta agus Eolaíoch) sa bhliain 1969, a cuireadh ar fáil mar aon le hEacnamaíocht Bhaile (Ghinearálta), rinneadh an cúrsa Meánteistiméireachta a athainmniú mar Eacnamaíocht Bhaile. Aontaíodh, ag an am, gur chóir glacadh leis an téarma a tugadh go forleathan ar an disciplín i gcúrsaí oideachais na hÉireann.

## 2.2 Siollabas Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh

Tugadh siollabas Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh isteach sa bhliain 1991 agus rinneadh scrúdú air den chéad uair sa bhliain 1994. Cuirtear an t-ábhar ar fáil ag dhá leibhéal: Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal. Tháinig siollabas Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh in áit Eolaíocht Bhaile an Teastais Grúpa agus Eacnamaíocht Bhaile na Meánteistiméireachta.

Mínítear i réasúnaíocht an ábhair go bhfuil *Eacnamaíocht Bhaile lárnach i saol an duine óig anois agus sa todhchaí. Is é is cuspóir di ná daoine óga a oiliúint i scileanna faoi leith a bheadh úsáid dóibh... áirítear leis seo a lán modhanna oibre is gá do mhaireachtáil laethúil* (an Roinn Oideachais, 1990, lch 1).

Seo a leanas aidhmeanna shiollabas 1991 Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh:

- *Eolas agus scileanna praiticiúla a sholáthar do na daltaí le n-úsáid i ngnáthchúrsaí an tsaoil, sa teaghlach agus i measc an phobail*
- *A dheimhniú go mbeidh daltaí ábalta cinneadh ciallmhar a ghlacadh maidir le bainistíocht ar a n-achmainní (sic) pearsanta*
- *Cumas na ndaltaí a fhorbairt i gcinnteoireacht tomhaltais*
- *Suim a bhrostú ins na gnéithe gairmiúla den ábhar* (an Roinn Oideachais, 1990, lch 1).

Bhí dhá chuid ar leith i siollabas 1991:

a) Cúrsa comónta le cúig réimse staidéir. Tá liosta de na cúig réimse thíos, mar aon leis an gcéatadán den am a mholtar le caitheamh orthu le linn na dtrí bliana:

| **Réimse Staidéir** | **% Ualaithe** |
|---|---|
| Staidéar Bia agus Scileanna Cistine | 40% |
| Staidéir Thomhaltais | 15% |
| Staidéir Shóisialta agus Shláinte | 10% |

| | |
|---|---|
| Bainistíocht Acmhainne agus Staidéir Bhaile | 10% |
| Teicstílí | 10% |

b) Réimse roghnach staidéir, rogha de thrí réimse.

| **Réimse Staidéir** | **% Ualú** |
|---|---|
| Cúram Páistí | 15% |
| Dearadh agus Ceardaíocht | 15% |
| Scileanna Teicstílí | 15% |

Léirítear tábhacht agus an bhéim a leagtar ar staidéar bia agus scileanna cistine mar chuid den chúrsa sa chéatadán den am a mholtar le caitheamh air. I gcomhthéacs na sonraíochta nua, áfach, ina mbeidh 200 uair an chloig de theagmháil leis an scoláire ar an amchlár, d'fhéadfadh go gcaithfí breathnú ar an struchtúr agus ar an gcéatadán ualaithe do réimsí staidéir na hEacnamaíochta Baile atá in úsáid faoi láthair.

## 2.3 Scrúdú Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh

Cuirtear an siollabas ar fáil ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal araon. Tá trí ghné ar leith i gceist leis an scrúdú Eacnamaíocht Bhaile a thagann le nádúr teoiriciúil agus praiticiúil an ábhair. Tá tábla achoimre thíos (Tábla 1) de dháileadh na marcanna.

**Tábla 1: Idirdhealú na marcanna a bhronntar ar gach roinn de scrúdú Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh.**

| Cuid | Gnáthleibhéal | | Ardleibhéal | |
|---|---|---|---|---|
| | **Marcanna** | **%** | **Marcanna** | **%** |
| **Scrúdú scríofa** | 240 | 40 | 300 | 50 |
| **Bia agus Scileanna Cistineacha** | 270 | 45 | 210 | 35 |
| **Tionscadal don Staidéar Roghnach** | 90 | 15 | 90 | 15 |
| **Iomlán** | **600** | **100** | **600** | **100** |

### 2.3.1 Scrúdú scríofa

Maireann an páipéar Ardleibhéil dhá uair an chloig agus tríocha nóiméad. Tá dhá roinn ann. 24 cheist ghearra atá i gceist le Roinn A (80 marc) atá bunaithe ar na cúig phríomhréimse staidéir. Caithfidh na hiarrthóirí 20 ceist ghearr a fhreagairt. Sé cheist fhada atá i gceist le Roinn B (220 marc) atá bunaithe ar na cúig phríomhréimse staidéir. Caithfidh na hiarrthóirí ceithre cheist fhada a fhreagairt, agus bíonn na marcanna céanna ar fáil do gach ceann acu.

Maireann an páipéar Meánleibhéil dhá uair an chloig. Arís, caithfidh na hiarrthóirí tabhairt faoi dhá roinn. 20 ceist ghearr atá i gceist le Roinn A (80 marc) a roghnaítear ó na cúig phríomhréimse staidéir. Caithfidh na hiarrthóirí 16 ceist ghearra a fhreagairt. Sé cheist fhada atá i gceist le Roinn B (160 marc) agus caithfidh na hiarrthóirí ceithre cinn acu a fhreagairt.

Marcálann scrúdaitheoirí a cheapann Coimisiún na Scrúduithe Stáit an scrúdpháipéar scríofa. Crochadh croí atá i líon mór na scoláirí (82% in 2014) a thugann faoin ábhar ag an ardleibhéal. Ag an Ardleibhéal agus ag an Meánleibhéal araon, moltar i dtuarascáil an Phríomhscrúdaitheora gur chóir do mhúinteoirí *béim a leagan ar chur chuige comhtháite i leith topaicí a theagasc agus a fhoghlaim* (CSS, 2012, lch 51).

### 2.3.2 Scrúdú Bia agus Scileanna Cistineacha

Is ionann struchtúr an scrúdaithe bia agus scileanna cistineacha (scrúdú praiticiúil) ag an dá leibhéal; ní hionann dáileadh na marcanna, áfach. Is ionann an scrúdú praiticiúil agus 35% den iomlán ag an Ardleibhéal agus 45% den iomlán ag an nGnáthleibhéal. Tugtar marc as 100 don iarrthóir i rith an scrúdaithe agus déantar na marcanna a choigeartú ina dhiaidh sin ionas go léiríonn siad Ardleibhéal nó Gnáthleibhéal á ghlacadh ag an scoláire. Déanann scrúdaitheoir a cheapann Coimisiún na Scrúduithe Stáit na hiarrthóirí a scrúdú sna scoileanna agus is iondúil go dtarlaíonn sé sin le linn tréimhse coicíse, roimh bhriseadh na Cásca nó ina dhiaidh. Tá gráid arda bainte amach ag scoláirí sa chuid seo den scrúdú, le grád A nó B bainte amach ag 83% acu in 2012 (CSS, 2012). Luaigh an Príomhscrúdaitheoir *go raibh ardchaighdeán na múinteoireachta agus na foghlama soiléir* (CSS, 2012,

lch 15). Mar sin féin, moladh do scoláirí eolas a chur ar shamhail na treorach le haghaidh dearadh le linn na chéad bhliana agus coinneáil orthu leis an bpróiseas sin go dtí an tríú bliain.

### 2.3.3 Obair thionscadail don Staidéar Roghnach

Roghnaíonn iarrthóirí réimse roghnach staidéir amháin ón liosta thíos:

- Cúram leanaí
- Dearadh agus Ceardaíocht
- Scileanna Éadaigh

Bronntar 15% d'iomlán na marcanna as an gcuid seo den mheasúnú ag an Ardleibhéal agus ag an Meánleibhéal araon. Mar sin, moltar 15% den am ranga san Eacnamaíocht Bhaile a chaitheamh ar an réimse roghnach staidéir. Déanann scrúdaitheoir a cheapann Coimisiún na Scrúdaithe Stáit an obair thionscadail seo a scrúdú sna scoileanna, go hiondúil le linn don scrúdú bia agus scileanna cistineacha a bheith ar siúl.

Feictear go soiléir i dTuarascálacha an Phríomhscrúdaitheora d'Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh (2006 agus 2012) dáileadh míchothrom na scoláirí a thugann faoi gach ceann de na réimsí roghnacha (Tábla 2), le formhór mór acu ag tabhairt faoin réimse roghnach Dearaidh agus Ceardaíochta. Tháinig méadú suntasach ar líon na scoláirí a roghnaigh an réimse roghnach Dearadh agus Ceardaíocht idir 2006 agus 2012 agus, leis sin, laghdú ar líon na scoláirí a roghnaigh Cúram Páistí agus Scileanna Teicstílí.

**Tábla 2: Dáileadh na scoláirí i ngach ceann de na réimsí roghnacha**

| | 2006 | 2012 |
|---|---|---|
| **Cúram Páistí** | 26.6% | 17% |
| **Dearadh agus Ceardaíocht** | 71% | 81.3% |
| **Scileanna Teicstílí** | 2.4% | 1.7% |

Ar an iomlán, bhí an obair a chuir na scoláirí faoi bhráid an scrúdaitheora don réimse roghnach seo ar chaighdeán an-ard (CSS, 2006; CSS, 2012). Luaigh an Príomhscrúdaitheoir (2006 agus 2012) go sonrach an tsárobair a rinne iarrthóirí sna réimsí Dearaidh agus Ceardaíochta agus Scileanna Teicstílí. Moladh i dTuarascáil na Cigireachta, *Ag Breathnú ar Eacnamaíocht Bhaile* (ROE, 2008), ardchaighdeán na hoibre tionscnaimh sna trí réimse roghnacha staidéir agus sonraíodh ann gur léir go raibh na scoláirí á spreagadh lena gcuid scileanna a fhorbairt agus lena gcuid cruthaitheachta agus úire a chothú.

Ba léir cumas na scoláirí a gcuid cruthaitheachta a chur i láthair sa réimse Dearaidh agus Ceardaíochta ón éagsúlacht a bhain leis na hearraí ceardaíochta, leis na dearaí agus leis na táirgí a cuireadh faoi bhráid na scrúdaitheoirí. Chonacthas 19 gceardaíocht éagsúla lenar áiríodh réimse leathan táirgí baile agus teicstílí. Dar leis an bPríomhscrúdaitheoir (2012) gurbh iad na scoláirí *a lean an próiseas dearaidh chun saothar uathúil cruthaitheach a tháirgeadh agus a roghnaigh an cineál ceirde a d'fheil go maith dá gcuid láidreachtaí agus buanna* a bhain na marcanna ab airde amach (lch 24). Is ríshoiléir go bhfuil spéis na scoláirí sa chuid roghnach seo den chúrsa ag méadú bliain i ndiaidh bliana. D'fhéadfaí breathnú ar na bealaí is fearr leis an spéis sin a chothú mar chuid de dhearadh shonraíocht nua an ábhair.

Cé nár chuir ach 1.7% d'iarrthóirí (382) obair a bhain leis an réimse Scileanna Teicstílí faoi bhráid an scrúdaitheora, luaigh an Príomhscrúdaitheoir go raibh na scileanna a léiríodh sa réimse sin ar an iomlán idir an-mhaith agus ar fheabhas. Mar sin féin, thit líon na scoláirí a thugann faoin réimse roghnach seo le himeacht na mblianta agus níl aon taighde déanta ar na cúiseanna atá leis sin. Agus sonraíocht nua á dearadh don ábhar seo, caithfear breathnú ar himpleachtaí a bheidh ag an laghdú sa réimse seo do scoláirí atá ag dul ar aghaidh le tabhairt faoin Eacnamaíocht Bhaile sa tsraith shinsearach agus ar mian leo an cúrsa roghnach ar Teicstílí, Faisean agus Dearadh a roghnú.

Léiríonn réimse leathan na n-ábhar a tháinig chun cinn sa réimse Cúram Páistí a leithne is atá an réimse roghnach áirithe seo. Rinneadh na tionscadail a cuireadh faoi bhráid na scrúdaitheoirí a rangú faoi 29 dtopaic leathana. Ach an oiread le Teicstílí, tá líon na scoláirí a thugann faoin réimse roghnach seo tar éis titim le himeacht na mblianta. Thug an Príomhscrúdaitheoir (2012) faoi deara go raibh líon suntasach na dtionscadal rófhada agus go ndeachaigh siad thar an riar ama molta (15%), agus gur léir fadhb an athscríofa dhírigh a bheith i gceist i líon beag cásanna.

In ainneoin ardchaighdeán na hoibre a chuir scoláirí faoi bhráid na scrúdaitheoirí don réimse roghnach staidéir, beidh gá le breathnú go cúramach ar na ranna sin a choinneáil mar réimse roghnach, i gcomhthéacs fhorbairt na sonraíochta nua le 200 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama don ábhar agus i gcomhthéacs na socruithe éagsúla measúnaithe. Luaigh an Príomhscrúdaitheoir i dTuarascálacha an Phríomhscrúdaitheora 2006 agus 2012 araon go raibh *go leor iarrthóirí tar éis dul thar an riar ama molta (15%) sa chuid seo den scrúdú* (CSS, 2012, lch 30). Bíonn impleachtaí aige seo d'ualach oibre na scoláirí agus don am a fhágtar do ranna eile den ábhar. Mar thoradh air sin, moladh do mhúinteoirí gur chóir do scoláirí obair thionscadail a roghnú a bheadh indéanta taobh istigh den riar ama 15%. Mar chuid de shiollabas athbhreithnithe, d'fhéadfaí gnéithe de na réimsí roghnacha a shní isteach sa churaclam ach ní gá go dteastódh measúnú ar leith uathu.

Mar sin féin, d'fhonn seasamh le hionracas an disciplín agus claonadh praiticiúil an ábhair a choinneáil, beidh gá le breathnú ar na gnéithe teoiriciúla agus praiticiúla den Eacnamaíocht Bhaile freisin nuair a bheidh an tsonraíocht nua á dearadh.

## 2.4 Siollabas Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh a athchothromú

I 1999 tuairiscíodh in *The Junior Cycle Review – Progress Report: Issues and Options for Development* go raibh tuairim ann go raibh ró-ualach curaclaim ag leibhéal na sraithe sóisearaí. Mar thoradh air sin, chuaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) i mbun tionscnamh athchothromaithe in 2003. In 2008, bhí Eacnamaíocht Bhaile ar cheann d'ábhair an Teastais Shóisearaigh a ndearnadh a shiollabas a athchothromú. Bhí sé mar aidhm ag an athchothromú ábhar seo an t-ualach oibre a chonacthas i gcuraclaim na sraithe sóisearaí a laghdú, fáil réidh le forluí neamhriachtanach agus le haon dífheidhmeacht sna hábhair, agus na hábhair ar fad a athchothromú ionas go mbeidís ag teacht le teimpléad coitianta. Iarradh ar Coiste Cúrsa na hEacnamaíochta Baile oibriú leis an siollabas ó 1991 a bhí in úsáid, ó tharla gur próiseas athchothromaithe a bhí i gceist seachas athbhreithniú iomlán. Bhí ráta ard freagartha le linn an phróisis comhairliúcháin, agus fuarthas 279 bhfreagra ar an suirbhé ar líne. Fuarthas aighneachtaí scríofa chomh maith. Glacadh leis an siollabas athchothromaithe agus moladh é go forleathan.

Tugadh breac-chuntas i réasúnaíocht an tsiollabais athchothromaithe ar an mbaint láidir a bhí ag an ábhar le riachtanais reatha na scoláirí agus le riachtanais a bheadh acu sa todhchaí trí chumhachtú

scileanna maireachtála a éascú iontu. Dhírigh sé ar *an scoláire a chumasú chun an t-eolas agus an tuiscint riachtanach a fháil chun saol iomlán, sláintiúil a chaitheamh mar dhuine aonair agus mar bhall de theaghlach* (CNCM, 2008, lch 1). In athchothromú an tsiollabais, coinníodh dhá phríomhchoincheap shiollabas 1991 ar cuireadh béim orthu tríd síos an ábhair – bainistiú pearsanta agus inniúlacht tomhaltóra.

Mar thoradh ar an bpróiseas athchothromaithe, moladh roinnt athruithe ar struchtúr shiollabas na hEacnamaíochta Baile ó shiollabas 1991. Baineann na hathruithe struchtúrtha go príomha le hinneachar agus le fócas roinne agus tugtar breac-chuntas orthu i dTábla 3.

**Tábla 3: Athruithe Suntasacha ar shiollabas 1991 Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh sa dréacht-siollabas athchothromaithe.**

| | Siollabas Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh 1991 | Dréacht-Siollabas Athchothromaithe Eacnamaíocht Bhaile 2008 | Athruithe Suntasacha |
|---|---|---|---|
| **Príomhréimsí staidéir** | Staidéar Bia agus Scileanna Cócaireachta | Staidéar Bia agus Scileanna Cistine | Athbhreithníodh, laghdaíodh nó baineadh amach roinnt topaicí sa roinn seo Ach d'fhan na réimsí leathana ábhair mar a chéile. |
| | Staidéar Tomhaltachais | Staidéir Thomhaltais agus Bainistíocht Acmhainne | Baineadh roinn na Bainistíochta Acmhainne ó Staidéir Bhaile agus cuimsíodh i Staidéir Thomhaltachais í. |
| | Bainistíocht Acmhainní agus Staidéar Baile | Dearadh agus Bainistíocht Tí | Roinn nua atá sa roinn Dearaidh agus Bainistíochta Tí agus áirítear ann gnéithe den staidéar baile a bhí sa roinn bainistíochta acmhainne agus staidéir bhaile de shiollabas 1991. |
| | Staidéir Shóisialta agus Shláinte | Staidéir Shóisialta agus Shláinte | Aistríodh gnéithe den réimse roghnach Cúram Páistí ó 1991 chuig an roinn seo. |
| | Staidéir Teicstílí | Teicstílí | Baineadh amach an gá chun ball éadaigh agus earra tí a dhéanamh. D'fhéadfadh an scoláire ceann nó an ceann eile a roghnú anois. |
| **Réimsí roghnacha Staidéir (Athainmníodh iad mar Réimsí toghthacha staidéir i ndréachtsiollabas 2008)** | Cúram Páistí | Forbairt an Linbh (staidéar toghthach) | D'athraigh teideal an staidéir thoghthaigh seo go dtí Forbairt an Linbh. Bogadh roinnt den inneachar, e.g. struchtúr an teaghlaigh, chuig Staidéir Shóisialta agus Shláinte. Moladh roinnt laghdaithe/athbhreithnithe sna réimsí topaice. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Dearadh agus Ceardaíocht | Dearadh agus Ceardaíocht (staidéar toghthach) | Béim le cur ar chéimeanna agus ar chríochnú phróiseas na treorach le haghaidh dearadh. Moladh roinnt laghdú/athbhreithniú beag sna réimsí topaice. |
| | Scileanna Teicstílí | Scileanna Teicstílí (staidéar toghthach) | Moladh roinnt laghdú/athbhreithniú beag sna réimsí topaice. |

Mar achoimre, ó thaobh cúrsaí struchtúrtha de, moladh go príomha sa phróiseas athchothromaithe mionathruithe ar shiollabas Eacnamaíocht Bhaile 1991 maidir le hinneachar. I ngach réimse den fhoghlaim, sainaithníodh topaicí a d'fhéadfaí a bhaint amach, a athbhreithniú nó a laghdú sa siollabas ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear ábharthacht, oiriúnacht agus dúbailt. Ó thaobh Teicstílí de, ba é an t-athrú ba shuntasaí gur baineadh amach an gá chun ball éadaigh agus earra tí a dhéanamh. Athainmníodh gach réimse roghnach staidéir ar an gcúrsa mar réimse toghthach staidéir. Moladh sa tionscnamh athchothromaithe go gcuirfí béim níos láidre ar phróiseas na treorach le haghaidh dearadh. Ag machnamh ar lárnacht an teaghlaigh i misean na hEacnamaíochta Baile, athainmníodh Cúram Páistí mar Fhorbairt an Linbh agus aistríodh gnéithe den réimse roghnach chuig an bpríomhréimse staidéir faoi Staidéir Shóisialta agus Shláinte, rud a chinntíonn go ndéanfaidh gach scoláire staidéar ar ghnéithe de chúram páistí agus forbairt páistí, is cuma cén rogha a phiocann siad. Ba é an t-athrú suntasach eile a moladh ná go n-athainmneofaí Staidéir Thomhaltachais mar Staidéir Thomhaltachais agus Bainistíocht Acmhainní. Dá éis, athainmníodh Bainistíocht Acmhainne agus Staidéir Bhaile mar Dhearadh agus Bainistíochta Tí agus leasaíodh an t-inneachar de réir mar ba chuí.

Chuathas i ngleic chomh maith sa chomhairliúchán ar an siollabas athchothromaithe le saincheist an mheasúnaithe. D'fhan an measúnú beartaithe mar a chéile le siollabas 1991 agus mheas 82.9% de fhreagróirí go raibh an measúnú seo éifeachtach chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire. Ach léiríodh imní maidir le fad an scrúdaithe scríofa (2.5 uair an chloig) nuair atá dhá ghné eile leis an measúnú agus moladh go laghdófaí chuig dhá uair an chloig é. Agus aghaidh á tabhairt ar ró-ualach san ábhar, léirigh 66% de fhreagróirí an cheistneora *sástacht leis an laghdú ar an inneachar, agus bhraith siad go dtabharfadh na hathruithe beartaithe níos mó ama do theagasc agus d'fhoghlaim dhifreáilte agus chun ábhair agus coincheapa tábhachtacha a chlúdach níos mine* (CNCM 2008, lch 47). Ach bhí go leor de fhreagróirí an cheistneora den tuairim láidir go leathnódh an laghdú an bhearna bhraite idir Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh agus Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta. Beidh gá le breathnú ar an déscaradh idir an riachtanas leis an ró-ualach inneachair a laghdú fad is a réitítear an scoláire le dul ar aghaidh chuig Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta nuair a fhorbraítear an tsonraíocht ábhair nua.

Nuair a cuireadh an tionscnamh athchothromaithe i gcrích, tháinig próiseas níos leithne chun cinn a bhain le forbairt na sraithe sóisearaí agus a bhí ina thosaíocht oideachasúil. Mar thoradh air sin, forbraíodh an siollabas athchothromaithe don Eacnamaíocht Bhaile ach níor tugadh isteach é. D'ainneoin sin, tá ábharthacht agus suntasacht ag an siollabas athchothromaithe don Eacnamaíocht

Bhaile le forbairt sonraíocht ábhair nua don tsraith shóisearach. Mar gheall gur glacadh go forleathan sa phróiseas comhairliúcháin leis an siollabas athchothromaithe d'fhéadfaí breathnú ar na hathruithe molta nuair a fhorbraítear an tsonraíocht ábhair nua.

## 2.5 Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta

Tugadh siollabas athbhreithnithe d'Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta isteach sa bhliain 2002 agus rinneadh scrúdú air den chéad uair sa bhliain 2004. Tháinig siollabas Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta – Eolaíoch agus Sóisialta in ionad an dá shiollabas roimhe seo – Eacnamaíocht Bhaile (Ginearálta) agus Eacnamaíocht Bhaile (Sóisialta agus Eolaíoch). Rinneadh an cinneadh chun siollabas amháin a fhorbairt agus a ghlacadh tar éis comhairliúchán mionsonraithe leis na páirtithe leasmhara ábhartha. Léiríonn struchtúr an tsiollabais sin siollabas Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí sa mhéid is go bhfuil príomhréimse staidéir ann agus trí ábhar roghnacha, óna roghnaíonn an scoláire ceann amháin.

Roimh 2002, ba í Eacnamaíocht Bhaile (Sóisialta agus Eolaíoch) an rogha ba choitianta a roghnaíodh go mór. In 2001, níor thug ach 74 iarrthóir faoin scrúdú Eacnamaíocht Bhaile (Ginearálta) i gcomparáid le 19,404 iarrthóir don Eacnamaíocht Bhaile (Sóisialta agus Eolaíoch) (Irish Times, 2001 arna lua in Rohan, 2007). Ní raibh Teicstílí ina réimse staidéir san Eacnamaíocht Bhaile (Sóisialta agus Eolaíoch) ach bhí sé ina réimse staidéir san Eacnamaíocht Bhaile (Ginearálta). Ach mar gheall ar an gcinneadh chun siollabas amháin a shocrú don Ardteistiméireacht, measadh go raibh sé tábhachtach Teicstílí, Faisean agus Dearadh a chur san áireamh mar réimse staidéir sa siollabas athbhreithnithe (Rohan, 2007).

**Tábla 4: Struchtúr Shiollabas Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta**

| Príomhréimsí Staidéir | % Ualú |
|---|---|
| Staidéar Bia | 45% |
| Bainistíocht Acmhainne agus Staidéir Thomhaltachais | 25% |
| Staidéir Shóisialta | 10% |
| | |
| **Réimsí toghthacha (roghnaigh réimse amháin)** | |
| Dearadh agus Bainistiú Tí | 20% |

| | |
|---|---|
| Teicstílí, Faisean agus Dearadh | 20% |
| Staidéir Shóisialta | 20% |

Leagtar amach réasúnaíocht, aidhmeanna agus cuspóirí an tsiollabais go soiléir i siollabas Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta atá dírithe ar gach scoláire, idir bhuachaillí agus chailíní. Leagtar béim sa réasúnaíocht ar an ildisciplíneacht agus ar chomh feidhmeach is atá an disciplín agus ar an tábhacht a bhaineann le scileanna réitigh fadhbanna a chur chun cinn sa scoláire. *Is ábhar feidhmeach í eacnamaíocht bhaile–eolaíoch agus sóisialta, a chomhcheanglaíonn teoiric le cleachtas chun tuiscint a fhorbairt agus fadhbanna a fhuascailt. Baineann sé leis an gcaoi ina láimhsíonn pearsana aonair agus teaghlaigh a n-acmhainní chun freastal ar riachtanais fhisiceacha, mhothúchánacha, intleachtúla, shóisialta, agus eacnamaíocha* (an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2001, lch 2).

## Achoimre Roinne

D'éabhlóidigh siollabas (1991) Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh ó dhá chlár staidéir – Eolaíocht Bhaile an Teastais Grúpa agus Eacnamaíocht Bhaile na Meánteistiméireachta. Bhí dhá chuid i siollabas 1991 – cúrsa comónta ina raibh cúig réimse staidéir agus réimse roghnach staidéir, rogha de thrí réimse.  Laistigh den chomhthéacs chun sonraíocht ábhair a dhearadh don leithdháileadh athbhreithnithe de 200 uair an chloig de rannpháirtíocht scoláire san amchlár don Eacnamaíocht Bhaile, beidh gá le breathnú ar an struchtúr sin in athuair.

Tá trí ghné ar leith i gceist leis an scrúdú Eacnamaíocht Bhaile a thagann le nádúr teoiriciúil agus praiticiúil an ábhair agus déantar measúnú ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal araon. I gcomhthéacs na sonraíochta nua don Eacnamaíocht Bhaile, beidh gá le breathnú ar mheasúnú na ngnéithe teoiriciúla agus praiticiúla.

Moladh roinnt athruithe ar shiollabas 1991 Eacnamaíocht Bhaile sa phróiseas athchothromaithe in 2008. Cé gur forbraíodh an siollabas athchothromaithe don Eacnamaíocht Bhaile, níor tugadh isteach é i bhfianaise athchóiriú níos leithne ar an tsraith shóisearach. D'ainneoin sin, tá roinnt breithnithe tábhachtacha mar gheall ar an siollabas athchothromaithe i dtéarmaí a struchtúir agus a mheasúnaithe agus dá bhrí sin tá sé ábhartha d'fhorbairt na sonraíochta ábhair nua don tsraith shóisearach. Seans go

mbeidh gá le breathnú ar an déscaradh idir an riachtanas leis an méid inneachair shonraigh a laghdú fad is a réitítear an scoláire le dul ar aghaidh chuig Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta nuair a fhorbraítear an tsonraíocht ábhair nua.

Tugadh siollabas athbhreithnithe d'Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta isteach sa bhliain 2002 agus rinneadh scrúdú air den chéad uair sa bhliain 2004. Tá sé tábhachtach go mbreathnófaí ar leanúnachas i dtéarmaí aidhmeanna agus réasúnaíocht an ábhair ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach chun sonraíocht nua a fhorbairt don tSraith Shóisearach.

# 3. Taithí ar Eacnamaíocht Bhaile sa tsraith shóisearach

Fiosraítear sa roinn seo taithí an scoláire agus an mhúinteora Eacnamaíocht Bhaile agus trína dhéanamh sin, cuirtear san áireamh taighde agus tuarascálacha measúnaithe ábhartha lena n-áirítear Tuarascálacha Phríomhscrúdaitheoir Choimisiún na Scrúduithe Stáit (2003, 2006, 2012), taighde ITES (2003, 2006, 2007) agus tuarascáil ilchodach na Cigireachta (2008). Cuid thábhachtach atá san anailís seo i bhforbairt sonraíocht ábhair nua don Eacnamaíocht Bhaile.

## 3.1 Seasamh reatha na hEacnamaíochta Baile

Léirítear sna staitisticí maidir le líon na scoláirí a thugann faoin Eacnamaíocht Bhaile don Teastas Sóisearach gur tháinig méadú ar an líon sna blianta idir 2009 agus 2013, agus gur tháinig laghdú beag air in 2014. Ach, mar chomhréir den líon iomlán scoláirí a shuigh an Teastas Sóisearach, luainigh na huimhreacha le himeacht na mblianta. D’ainneoin sin, tá an-tóir fós ar an Eacnamaíocht Bhaile sa Teastas Sóisearach.

In 2014, rinne tromlach mór (82%) de scoláirí na hEacnamaíochta Baile staidéar uirthi ag an Ardleibhéal.

**Tábla 5: Iarrthóirí Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh**

| Bliain | Iarrthóirí Iomlána an Teastais Shóisearaigh | Iarrthóirí Eacnamaíocht Bhaile | % den chohórt iomlán i mbun Eacnamaíocht Bhaile |
|---|---|---|---|
| **2009** | 55,557 | 19,324 | 34.78 |
| **2010** | 56,086 | 19,892 | 35.46 |
| **2011** | 56,930 | 20,726 | 36.40 |
| **2012** | 56,841 | 21,543 | 37.90 |
| **2013** | 59,823 | 21,702 | 36.27 |
| **2014** | 60,327 | 21,570 | 35.75 |

## 3.2 Éagothroime Inscne san Eacnamaíocht Bhaile

D'ainneoin an tóir atá ar an ábhar, tá bearna mhór inscne fós ann sa dáileadh scoláirí atá i mbun na hEacnamaíochta Baile agus is cailíní den chuid is mó a thugann faoin ábhar go fóill. In 2014, as an gcohórt iomlán scoláirí a bhí i mbun Eacnamaíocht Bhaile don Teastas Sóisearach níor bhuachaillí ach 15% díobh. Níor foilsíodh mórán taighde maidir leis na cúiseanna nach roghnaíonn buachaillí staidéar a dhéanamh ar an Eacnamaíocht Bhaile. Ach d'fhéadfadh easpa rochtana ar an ábhar ina scoil a bheith mar chúis amháin. Ó na staitisticí ar fáil ó 2007, níor chuir ach 13% d'iar-bhunscoileanna buachaillí amháin Eacnamaíocht Bhaile ar fáil. Ach dar le O'Connor (2007) mhéadaigh an líon sin ó 8% sna deich mbliana roimh 2007. Luadh i dTuarascáil na Cigireachta *Ag Breathnú ar Eacnamaíocht Bhaile* (2008) gur chuir inscne agus uaireanta cumas srian ar rochtain ar Eacnamaíocht Bhaile. Bhí fianaise ar éagothroime inscne i roinnt scoileanna, go minic bhí Eacnamaíocht Bhaile ar an amchlár ag an am céanna le hábhair a mheastar go traidisiúnta gur do bhuachaillí iad, cosúil le Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) agus Innealtóireacht. Ach níor sainaithníodh é sin go heisiach mar chúis leis an éagothroime inscne. Ina tuarascáil, mhol an Chigireacht gur *chóir go mbeadh sé de chuspóir ag lucht bainistíochta na scoile comhionannas rochtana ar Eacnamaíocht Bhaile a chinntiú do na daltaí go léir* (ROE, 2008, lch 42). Tuairiscítear go neamhfhoirmiúil in iar-bhunscoileanna gur cosúil gur féidir leis an mbraistint gur ábhar do mhná í buachaillí a chur ó dhoras, fiú má bhaintear na roghanna ábhair a chruthaíonn bac ón amchlár mar a luadh thuas. Tá sé inmhianaithe cothromaíocht inscne níos fearr a bhaint amach i measc na scoláirí atá i mbun an ábhair.

## 3.3 Comhairliúchán le daoine óga ar athchóiriú na Sraithe Sóisearaí

I mí na Samhna 2010, reáchtáil Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, i gcomhar leis an CNCM, Coexist agus Comhairle Dháil na nÓg, comhairliúchán le daoine óga maidir le hathchóiriú na sraithe sóisearaí. Ghlac 88 nduine óga páirt sa chomhairliúchán.

Tugtar léargas i dtorthaí na Tuarascála Comhairliúcháin (2011) ar na rudaí a thaitníonn le daoine óga a fhoghlaim agus ar na rudaí a mheasann siad is úsáidí, torthaí a mbeidh spéis iontu maidir leis an Eacnamaíocht Bhaile. Shainaithin rannpháirtithe sa staidéar ábhair, lena n-áirítear an Eacnamaíocht Bhaile, a raibh gné phraiticiúil leo i measc na n-ábhar is éasca le foghlaim sa tsraith shóisearach. Luadh scileanna saoil trí mheán na hEacnamaíochta Baile mar réimse amháin a thaitin le daoine óga a

fhoghlaim: *Eacnamaíocht Bhaile mar is rud é a bheidh agam i gcaitheamh mo shaoil uilig* (scoláire sa tSraith Shóisearach, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2011, lch 8). Aithníodh scileanna saoil chomh maith mar cheann den dá scil ríthábhachtacha ba cheart do dhaoine óga a fhoghlaim idir an chéad bhliain agus an tríú bliain. Tugadh le fios go raibh foghlaim le cócaireacht ar cheann de na nithe ba thábhachtaí a d'fhoghlaim na daoine óga a ndeachthas i gcomhairle leo. Nuair a iarradh ar scoláire sa tsraith shinsearach cé na nithe ba mhó a thaitin leo a fhoghlaim, sainaithníodh an Eacnamaíocht Bhaile mar *thaitneamhach mar go bhfuil sí praiticiúil, scil don saol* (ibid, lch 18).

Tá tábhacht ar leith don tsonraíocht nua don Eacnamaíocht Bhaile ag baint leis an bhfreagra ó scoláirí na sraithe sinsearaí nuair a iarradh orthu na rudaí ríthábhachtacha ba ghá do dhaoine óga a fhoghlaim sa tsraith shóisearach a shainaithint. Luaigh siad scileanna saoil praiticiúla, atá ina ngnéithe de shiollabas na hEacnamaíochta Baile lena n-áirítear airgeadas pearsanta, bainistíocht agus buiséad tí, cócaireacht, sláinteachas pearsanta agus níochán éadaí (ibid, lch 19).

## 3.4 Taighde ITES

In 2002, choimisiúnaigh CNCM an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) le tabhairt faoi staidéar fadaimseartha ar thaithí scoláirí ar an gcuraclam sna chéad trí bliana den scolaíocht iar-bhunscoile. Bhí os cionn 900 scoláire as 12 scoil páirteach anseo. Léiríonn na torthaí ó na trí thuarascáil ar bhlianta na sraithe sóisearaí roinnt breithnithe tábhachtacha do dhearadh sonraíochta nua don Eacnamaíocht Bhaile.

Críochnaíodh an staidéar ar scoláire céad bhliana san iar-bhunscoile in 2003 agus foilsíodh an tuarascáil, *Ag Bogadh Aníos: Taithí scoláirí sa céad bhliain san oideachas iar-bhunscoile (Moving Up: The experiences of first year students in post-primary education),* arna fhoilsiú in 2004. Léirítear sna torthaí roghanna scoláirí na chéad bhliana d'ábhair ina raibh gnéithe praiticiúla agus luadh Eacnamaíocht Bhaile ar cheann de na sainroghanna. I dtráchtaireacht ar na torthaí thug CNCM (2004) le fios go raibh gá le gnéithe praiticiúla, scilbhunaithe na n-ábhar a láidriú, nuair ba chuí, agus é seo a léiriú sna modhanna measúnaithe.

In 2006, d'fhoilsigh an ESRI *Pathways through the junior cycle: The Experiences of Second Year Students*, inar tugadh léargas ar thaithí na scoláirí dara bliana in iar-bhunscoileanna. Saincheist a bhí i rochtain ar ábhair scoile anseo agus shainaithin tromlach na scoláirí (58%) ábhair a dtaitneodh leo staidéar a dhéanamh orthu ach nach raibh siad in ann mar gheall nach raibh rochtain acu orthu. Shainaithin 16% Eacnamaíocht Bhaile mar ábhair a mba mhaith leo a thógáil. Bhí Eacnamaíocht Bhaile ar cheann de na hábhair ba mhinice a luadh mar ábhar is fearr leis na scoláirí (33%) agus ba mhó seans go luafadh cailíní é ná buachaillí. Fiosraíodh deacracht bhraite na n-ábhar sa taighde. Sainaithníodh Eacnamaíocht Bhaile sa tsraith shóisearach, mar aon le hábhair phraiticiúla eile, mar ábhar nár mheas na scoláirí a bheith deacair (23%). Ach mheas a bhformhór mór (90%) go raibh Eacnamaíocht Bhaile úsáideach agus dúirt 80% go raibh sí spéisiúil. Ba mhó an seans go sainaithneodh cailíní an Eacnamaíocht Bhaile mar aon leis an Ealaín agus le teangacha mar na hábhair ba spéisiúla.

Léiríonn an taighde gur dóchúil go mbeadh tionchar ag rogha ábhair sa tsraith shóisearach ar rogha ábhair don tsraith shinsearach (Smyth agus Hannon, 2002). Breith thábhachtach is ea níos mó buachaillí a spreagadh chun an t-ábhar a roghnú i ndearadh na sonraíochta nua.

Sa tríú tuarascáil, dar teideal *Gearing up for the Exams,* a foilsíodh in 2007, fiosraíodh na hathruithe ar mheon scoláirí de réir mar a bhog siad isteach sa tríú bliain, a dtaithí ar an gcuraclam, agus a dtuairim faoi Scrúdú an Teastaigh Shóisearaigh. Nuair a fiafraíodh díobh faoi dheacracht na n-ábhar, sainaithníodh Eacnamaíocht Bhaile mar cheann de na hábhair ab éasca. Mar aon le scoláirí an dara bliain, tuairiscíodh go raibh Eacnamaíocht Bhaile úsáideach (82%) agus spéisiúil (70%). Mar aon le scoláirí na chéad bhliana agus an dara bliain, ba mhó an seans go gceapfadh scoláirí go raibh ábhair ina raibh gné phraiticiúil spéisiúil. Dúirt taighdeoirí ITES go raibh an spéis sna hábhair sin suntasach. Measadh gur suntasach an méid a d'fhéadfaí na hábhair phraiticiúla a chur le spreagadh agus le rannpháirtíocht an scoláire.

## Achoimre Roinne

Léirítear sna staitisticí maidir le líon na scoláirí a thugann faoin Eacnamaíocht Bhaile don Teastas Sóisearach gur roghnaíodh go leanúnach í agus go bhfuil sí fós ina hábhar ar a bhfuil an-tóir sa tSraith Shóisearach. D'ainneoin sin, tá bearna mhór inscne fós ann sa dáileadh scoláirí atá i mbun na hEacnamaíochta Baile agus is cailíní den chuid is mó a thugann faoin ábhar go fóill. Tá sé inmhianaithe cothromaíocht inscne níos fearr a bhaint amach i measc na scoláirí atá i mbun an ábhair.

Léirítear sna torthaí ó thaighde ITES an meon dearfach atá ag scoláirí na sraithe sóisearaí i dtreo ábhar lena mbaineann gnéithe praiticiúla. Mheas formhór na scoláirí go raibh Eacnamaíocht Bhaile spéisiúil agus úsáideach. De bhrí go bhfuil inneachar agus modheolaíochtaí Eacnamaíocht Bhaile taithíoch agus praiticiúil, forbraíonn sí scileanna saoil inaistrithe. I ndearadh sonraíochta nua, beidh gá le breathnú ar an gcur chuige taithíoch agus praiticiúil atá i bhfealsúnacht bhunúsach Eacnamaíocht Bhaile.

# 4. Oideachas Eacnamaíocht Bhaile sa 21ú haois

## 4.1 Fealsúnacht bhunúsach na hEacnamaíochta Baile

Thosaigh Eacnamaíocht Bhaile, mar dhisciplín, mar fhreagra domhanda ar dhúshláin shóisialta. Deir an Chónaidhm Idirnáisiúnta don Eacnamaíocht Bhaile ina páipéar seasaimh, *Position Statement, Home Economics in the 21st Century*, gur

> *réimse staidéir agus gairm atá san Eacnamaíocht Bhaile, suite in eolaíochtaí daonna, a tharraingíonn ó réimse disciplíní chun maireachtáil barr feabhais agus inbhuanaithe a bhaint amach do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do phobail* (an Chónaidhm Idirnáisiúnta don Eacnamaíocht Bhaile, 2008, lch 1).

Treoraíonn ráiteas seasaimh an Eacnamaíocht Bhaile go hidirnáisiúnta, agus cuireann sí ardán ar fáil chun an disciplín a shuíomh sa 21ú haois agus níos faide anonn. Is rud bunúsach do bhonn teoiriciúil agus fealsúnacht na hEacnamaíochta Baile a bhí i lárnacht an teaghlaigh. Dearbhphrionsabail lárnacha den Eacnamaíocht Bhaile iad cumhachtú agus folláine an duine aonair agus an teaghlaigh.

Shainaithin an Chónaidhm Idirnáisiúnta don Eacnamaíocht Bhaile trí ghné ríthábhachtacha ar cheart go léireodh ábhair agus cúrsaí staidéir Eacnamaíocht Bhaile:

- *díriú ar riachtanais bhunúsacha agus ábhair imní phraiticiúla daoine aonair agus teaghlach sa saol laethúil agus a dtábhacht ag leibhéil aonair agus phobail, agus ag leibhéil shochaí agus dhomhanda ionas gur féidir folláine a bhreisiú i dtimpeallacht atá ag síorathrú agus atá dúshlánach;*
- *comhtháthú eolais, próiseas agus scileanna praiticiúla ó na disciplíní ar fad trí fhiosrúchán idirdhisciplíneach agus trasdisciplíneach agus paraidímí ábhartha; AGUS*
- *cumas léirithe chun gníomh criticiúil/aistritheach/scaoilte a ghlacadh chun folláine a bhreisiú agus chun tacú le daoine aonair, le teaghlaigh agus le pobail ag gach leibhéal agus earnáil sa tsochaí* (an Chónaidhm Idirnáisiúnta don Eacnamaíocht Bhaile, 2008, lch 1).

## 4.2 Fadhbanna praiticiúla rialta

D'ainneoin éagsúlachtaí i gcuraclaim Eacnamaíocht Bhaile go hidirnáisiúnta, tá bunús aontaithe teoiriciúil agus fealsúnachta léi. Cuireann an Chónaidhm Idirnáisiúnta don Eacnamaíocht Bhaile é sin in iúl mar a dhéanann Eacnamaíocht Bhaile, mar réimse curaclaim, *an scoláire a éascú chun a acmhainní agus a chumais féin a fhionnachtain agus a fhorbairt a thuilleadh le húsáid ina shaol pearsanta, trína chinntí agus trína ghníomhartha gairmiúla a stiúradh nó trína réiteach don saol* (an Chónaidhm Idirnáisiúnta don Eacnamaíocht Bhaile, 2008, lch 1). Tugann Pendergast (2012) le fios go bhfuil sé mar rún ag oideachas Eacnamaíocht Bhaile an scoláire a chumhachtú chun tréithe foghlama ar feadh an tsaoil a fhorbairt agus chun a fholláine a bharrfheabhsú mar dhuine aonair agus mar chuid de theaghlach.

Cuirtear béim lárnach in Eacnamaíocht Bhaile ar dhul i ngleic leis na fadhbanna praiticiúla agus dáiríre a bhíonn ag teaghlaigh agus ag daoine óga go rialta agus é sin a dhéanamh ar bhealach atá freagrach ar bhonn sóisialta. Is ábhair imní iad na fadhbanna praiticiúla rialta a théann ó ghlúin go glúin i dteaghlaigh, go háitiúil agus go domhanda, a dteastaíonn gníomh machnamhach agus scileanna cinnteoireachta criticiúla agus léiritheacha chun iad a réiteach.

Tugann Eacnamaíocht Bhaile, trí chur chuige córasach, meicníochtaí don duine aonair chun scileanna cinnteoireachta criticiúla, machnamhacha a fhorbairt, scileanna a theastaíonn le dul i ngleic le fadhbanna praiticiúla rialta. Tríd an ábhar curaclaim Eacnamaíocht Bhaile, éascaítear an scoláire ionas go mbeidh an fhaisnéis agus na scileanna aige le haghaidh a thabhairt ar na fíorábhair imní phraiticiúla sin i roinnt comhthéacsanna laethúla sa bhaile, sa teaghlach agus sa phobal. Bíonn tionchar ag na comhthéacsanna laethúla praiticiúla ar fholláine an duine aonair agus an teaghlaigh agus áirítear leo ábhair imní maidir le bia agus cleachtais chócaireachta; cothú, aiste bia agus sláinte; sláinte agus folláine fhisiciúil agus mheabhrach; ábhar imní teaghlaigh, cúram páistí agus sóisialta; ógántacht; tuismitheoireacht; saincheisteanna tomhaltóra; bainistíocht acmhainní; teicstílí agus éadach; bainistíocht baile; dearadh agus ceardaíocht. Agus aghaidh á tabhairt ar fhadhbanna nó ar chásanna praiticiúla, tarraingíonn Eacnamaíocht Bhaile ó dhisciplíní éagsúla a chomhtháthaíonn eolaíochtaí sóisialta, fisiciúla agus daonna. Múintear an t-inneachar ildisciplíneach do scoláirí *trí fhiosrúchán*

*idirdhisciplíneach agus trasdisciplíneach* (an Chónaidhm Idirnáisiúnta don Eacnamaíocht Bhaile, 2008) a réitíonn fadhbanna go héifeachtach le meascán d'fhaisnéis agus de scileanna a fhaightear ó réimse disciplíní. Tríd an gcur chuige sin féadfaidh Eacnamaíocht Bhaile freagairt do riachtanais chórasacha an teaghlaigh.

## 4.3 Smaointeoireacht chórasach i ngníomh

Féachtar ar an Eacnamaíocht Bhaile go minic mar ábhar praiticiúil scilbhunaithe. Ach nuair atá sonraíocht ábhair nua á forbairt tá sé tábhachtach bogadh ó smaoineamh faoin téarma 'praiticiúil' i dtéarmaí scileanna teicniúla, go smaoineamh ar 'phraiticiúil' i dtéarmaí scileanna réadúla le haghaidh réiteach fadhbanna agus smaointeoireacht chriticiúil, machnamhach a fhorbairt. Níl aon amhras ach go bhfuil tábhacht ollmhór le smaointeoireacht chriticiúil agus leis an gcaidreamh idir faisnéis theoiriciúil agus phraiticiúil i bhforbairt churaclam Eacnamaíocht Bhaile.

Nuair a tugadh aghaidh ar fhadhbanna praiticiúla rialta san Eacnamaíocht Bhaile, sainaithníodh trí chóras faisnéise agus gnímh, agus bheadh sé úsáideadh breac-chuntas gairid a thabhairt orthu sin. Is iad na trí chóras don chur chuige gnímh, atá bunaithe ar obair Habermas (1971):

- córas uirliseach nó teicniúil atá bunaithe ar thaighde impiriúil;
- córas léirmhínitheach nó cumarsáideach a chothaíonn tuiscint agus a nochtann luachanna, creidimh agus meonta agus;
- córas criticiúil nó fuascailte a spreagann roghanna machnamhacha agus saoirse le feidhmiú go freagrach (Brown & Paolucci, 1978; Engberg, 1996).

Tá comhtháthú na gcóras gnímh sin, d'fhonn na fadhbanna sin a réiteach, tógtha ar bhonn teoirice criticiúla agus tagraítear dó mar pharaidím comhtháite per se Baldwin (1991). Cuimsíonn teoiric chriticiúil amharc iomlánaíoch ar an tsochaí agus spreagann sí cleachtas agus comhthéacsú machnamhach criticiúil (McGregor, 1996). Forbraítear scileanna smaointeoireachta criticiúla agus machnamhacha agus meiteachognaíocht san Eacnamaíocht Bhaile. Sin iad na scileanna riachtanacha le go gcónódh daoine óga san 21ú haois d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna nó ar na hábhair imní phraiticiúla rialta.

Cuireann smaointeoireacht chóras ar ár gcumas dúshlán na smaointeoireachta a shásamh laistigh de pharaidím chomhthéacsúil. Iarrtar orainn breathnú ar na comhthéacsanna éagsúla a mbeidh tionchar acu ar chastacht shaol an teaghlaigh san 21ú haois d'fhonn go mbeimid in ann dul i ngleic leis na héilimh a bheidh orainn agus iad a bhainistiú. Ní amháin go leagtar amach na comhthéacsanna sa dearcadh córasach, tugtar tús áit d'idirghaolmhaireacht gach comhthéacs, ag breathnú agus ag machnamh ar na tionchair agus ar an dinimic lena mbaineann. Ó thaobh na Eacnamaíochta Baile de d'fhéadfadh sé seo tagairt, mar shampla, do thionchar na ról inscne ar chinnteoireacht teaghlaigh agus dá bhrí sin, ar bhainistiú acmhainní srl. Anuas air sin, seachas glacadh le dearcadh líneach (cúis agus éifeacht eolaíoch) ar shaol an teaghlaigh, glactar le meon ciorclach cúisíochta sa chur chuige córasach. Is é atá i gceist leis sin nach féidir freagairt d'fhadhb ná d'imní phraiticiúil go héifeachtach mura bhfeictear í laistigh de chomhthéacsanna a caidrimh (córas) ar fad, mar nach féidir an duine aonair a thuiscint ar leithligh ó na córais ar fad ina gcónaíonn sé. Is é seo an 'toradh cuilitheach'. Má ghlactar leis an meon cúisíochta ciorclach mar sin cuirtear athrú inbhuanaithe chun cinn, seachas réitigh líneacha 'thapa'. Cuidíonn dearcadh córas leis an scoláire an 'pictiúr iomlán' a fheiceáil agus an caidreamh idir a bhfuil ag tarlú, a bhfuil ag teastáil agus an chaoi le freagairt dó a lorg agus an t-eolas agus na scileanna praiticiúla san Eacnamaíocht Bhaile á gcur i bhfeidhm.

Mar gheall ar luas athraitheach agus ar chastacht na sochaí atá ag fás i gcónaí, ní mór go mbeadh an disciplín, Eacnamaíocht Bhaile, freagrach don athrú agus go n-éabhlóideodh sí de réir mar a thugann sí aghaidh ar shaincheisteanna agus ar ábhair imní nua agus cinn atá ag teacht chun cinn, a bhíonn ina ndúshláin do dhaoine aonair agus do theaghlaigh. Teastaíonn bealaí nua smaointeoireachta ón athrú sin, agus go háirithe, smaointeoireacht chriticiúil, mhachnamhach agus cinnteoireacht agus meiteachognaíocht.

## 4.4 Oideolaíocht mar bhonn agus mar thaca ag oideachas Eacnamaíocht Bhaile

Tá cur chuige tógachaíoch i leith teagaisc agus foghlama mar bhonn agus mar thaca ag oideachas Eacnamaíocht Bhaile, áit a n-éascaítear an scoláire leis an bhfoghlaim a chur i gcomhthéacs agus a

chomhdhlúthú. Díríonn oideachas Eacnamaíocht Bhaile, trí chur chuige comhtháite, ar lánchumas a bhaint as foghlaim ó thaithí tríd an scoláire a éascú *chun leibhéil níos dúshlánaí chognaíocha agus mhothachtálacha den Timthriall Foghlama Taithíche a bhaint amach (Kolb, 1979)* (an Roinn Eacnamaíocht Bhaile, Coláiste San Aingeal, 2010, lch 7). Dá éis, forbraíonn an scoláire an cumas le bheith oiriúnaitheach agus a chuid eolais agus scileanna a aistriú le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna praiticiúla rialta i gcásanna laethúla. Dar le Pendergast (2003) ní mhúineann Eacnamaíocht Bhaile *scil ar mhaithe leis an scil sin, múineann sí lena húsáid, múineann sí cinnteoireacht eolasach i gcásanna gan teorann, múineann sí scileanna smaointeoireachta luachálacha agus criticiúla, cumhachtaíonn sí daoine aonair, is cuma cén comhthéacs atá acu* (lch 8).

Thacaigh an tUasal E. Stack, Príomhchigire na Roinne Oideachais, le cineál córasach agus ábharthacht Eacnamaíocht Bhaile nuair a rinne sé cur síos ar an ábhar mar

> *ábhar feidhmeach, ildisciplíneach í an Eacnamaíocht Bhaile a sholáthraíonn réimse leathan eispéireas foghlama do dhaltaí agus an t-eolas, an tuiscint agus na scileanna atá riachtanach chun maireachtáil mar dhaoine aonair agus mar bhaill teaghlaigh. Tá an comhtháthú agus feidhmiúchán eolais teoiriciúil comhcheangailte le forbairt scileanna praiticiúla i gcroílár na hEacnamaíochta Baile* (an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2008, lch iii).

Moltar cur chuige foghlama fadhb-bhunaithe in oideachas Eacnamaíocht Bhaile d'fhonn fadhbanna praiticiúla rialta a réiteach. Dar le Barrows agus Kelson (1993), féadfar cur síos a dhéanamh ar fhoghlaim fhadhb-bhunaithe mar churaclam agus mar phróiseas araon. Treoraítear an scoláire trí phróiseas na treorach le haghaidh dearadh i staidéar bia, dearadh agus ceardaíocht, scileanna teicstílí agus staidéir thomhaltachais d'fhonn scileanna in-aistrithe taighde, anailíse criticiúla, sintéise, pleanála, forfheidhmithe, cruthaitheachta agus measúnaithe a fhorbairt. Leagtar níos mó béime ar an bpróiseas ná ar an táirge agus spreagtar an scoláire le scileanna réitigh fadhbanna a úsáid chun smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt. Sa phróiseas, *macasamhlaítear an cur chuige córasach a úsáidtear go coitianta chun fadhbanna a réiteach nó chun dúshláin a fheictear sa ghnáthshaoil a shárú* (Barrows & Kelson 1993, lch 1).

Cuireann na comhpháirteanna Dearadh agus Ceardaíocht; Scileanna Teicstílí agus Teicstílí in Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh cur chuige foghlama fadhb-bhunaithe i bhfeidhm trí phróiseas na treorach le haghaidh dearadh a chur i bhfeidhm. Dar le Maguire (2010) tá sé *riachtanach an tsamhail den phróiseas deartha a cheapadh, a chomhaontú agus a scaipeadh agus ag teastáil le fada an lá chun go bhfeabhsófar feasacht agus cleachtas oideolaíochta* i measc múinteoirí agus scoláirí san Eacnamaíocht Bhaile (lch 160).

I Staidéar Bia, cinntítear leis an mbéim a chuirtear ar chur chuige foghlama fadhb-bhunaithe go ndéanfaí ábhar agus cur chuige ceachta a bhogadh ó rud a bheadh dírithe ar 'scileanna nó táirgeacht' go dtí ceacht ag a mbeadh cur chuige ilghnéitheach ina gcuimseofaí pleanáil, ullmhúchán agus measúnú géar ar bhéilí agus ar tháirgí.

## 4.5 An t-ainm 'Eacnamaíocht Bhaile'

Os cionn céad bliain ó shin, roghnaíodh an t-ainm 'Eacnamaíocht Bhaile' ag Comhdhálacha Lake Placid (1899 – 1909) mar an t-ainm aitheanta idirnáisiúnta don disciplín. Deirtear go raibh forchiall steiréitíopach dhiúltach ag gabháil leis an ainm 'Eacnamaíocht Bhaile' agus luaitear é go minic mar an chúis nach dtugann ach fíor bheagán buachaillí faoin ábhar. Dá bhrí sin, agus todhchaí an ábhair á scrúdú, tá sé tábhachtach smaoineamh ar an téarmeolaíocht a bhaineann leis. Cé nár dúradh é sin go foirmiúil riamh maidir le curaclam na hÉireann, dealraíonn sé ó thaobh churaclam na hÉireann de, gur *Domestic Economy* nó Eacnamaíocht Bhaile a tugadh ar an ábhar ar an gcéad dul síos agus ansin gur athraíodh an teideal sna 1900idí go dtí *Domestic Science* nó Eolaíocht Bhaile. Úsáideadh an t-ainm 'Eacnamaíocht Bhaile' go foirmiúil den chéad uair sa bhliain 1968 tráth ar tugadh isteach an siollabas Eacnamaíocht Bhaile (Sóisialta agus Eolaíoch) a cuireadh ar fáil in éineacht le hEacnamaíocht Bhaile (Ginearálta).

Bhí an t-ainm ina chnámh spairne arís is arís eile i plé faoin Eacnamaíocht Bhaile (McGregor, 2010). Tagraíonn Dewhurst agus Pendergast (2008) do roinnt léirmheastóirí a chreideann gur gá an t-ainm a athrú ionas go mbeidh an Eacnamaíocht Bhaile in ann *droim a thabhairt don stair agus díriú ar an*

*athrú atá ar an ábhar féin agus an díriú ar an mbaile a laghdú* (lch 7). Ar ndóigh i bplé ar bith a dhéanfar faoin ainm a athrú beidh imní ann go mbeifear ag tabhairt dúshláin don bhrí agus don tuiscint dhlúthphearsanta agus ghairmiúil atá leis agus a forbraíodh thar roinnt blianta (Peterat, 2001).

Go hidirnáisiúnta, cé gur athraíodh an t-ainm i roinnt réigiún/tíortha, lena n-áirítear roinnt stát sna Stáit Aontaithe (Eolaíochtaí Teaghlaigh agus Tomhaltóra); sa Ríocht Aontaithe (Eolaíochtaí Tomhaltóra); sa tSualainn (Staidéar Baile agus Tomhaltais), is cóir a thabhairt ar aird go bhfuil an t-ainm Eacnamaíocht Bhaile a aithnítear go hidirnáisiúnta in úsáid go forleathan fós i gcuraclaim dara leibhéal san Áise, san Astráil, i Meiriceá Láir agus Theas, i gCeanada, sa Mhuir Chairib agus i bhformhór thíortha na hEorpa (McGregor, 2010). Is díol suntais é, cé gurb í Eacnamaíocht Bhaile fós an t-ainm atá ar an gcuraclam scoile, sna dlínsí céanna, gur ghlac roinnt dámha/rannóga/cláir Ollscoile le hainm eile, agus iad á dhéanamh sin de réir dealraimh chun fairsinge an disciplín a léiriú chomh maith le freagra a thabhairt ar mhíthuiscintí maidir leis an disciplín. Sampla amháin is ea Málta áit a bhfuil an t-ainm Eacnamaíocht Bhaile ar an ábhar curaclaim i gcónaí sa mheánscoil, ach, ag an tríú leibhéal, áfach, gur athainmníodh an clár Ollscoile agus gur tugadh Staidéar Cothaithe, Teaghlaigh agus Tomhaltais air.

Tugann taighde le fios gur féidir leis an disciplín éirí leochaileach nuair a athraítear an t-ainm agus go ndéantar an curaclam a ilroinnt dá réir (Pendergast, 2015; Giddings et al. 1996). Cháin roinnt daoine úsáid an fhocail 'tomhaltóir' nuair a athainmníodh Eacnamaíocht Bhaile, mar shampla, mar Eolaíochtaí Teaghlaigh agus Tomhaltóra (SAM) agus mar Eolaíochtaí Tomhaltóra (RA). Tá dlúthnasc idir an focal 'tomhaltóir' agus an dearcadh domhanda ar 'eacnamaíocht' seachas an dearcadh sóisialta ar 'sochaí'. Dar le Hira (2013), is féidir teacht ar shainmhíniú agus ar fhócas caol go leor mar gheall ar úsáid an fhocail 'tomhaltóir' sa teideal agus dá bharr sin, ní thugann sé léiriú ar shaibhreas réimse na hEacnamaíochta Baile. Deir sí freisin go bhfuil míthuiscint agus easpa aitheantais á chruthú sa ghairm mar gheall ar ainmneacha difriúla a bheith á n-úsáid agus go bhfuil stádas an ábhair á ilroinnt agus á lagú dá bharr sin (Hira, 2013). Ina páipéar seasaimh in 2008, *Home Economics in the 21$^{st}$ Century*, chuir an Chónaidhm Idirnáisiúnta don Eacnamaíocht Bhaile in iúl go soiléir go raibh fonn orthu an t-ainm Eacnamaíocht Bhaile a choinneáil don disciplín agus iad meáite an disciplín *a athbhrandáil agus seasamh úr a thabhairt dó, seachas é a athainmniú* (2008).

## 4.6 Eacnamaíocht Bhaile agus Folláine

Tá an fholláine ar cheann de na prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag an gCreat nua d’oideachas na Sraithe Sóisearaí. Luaitear í i ráitis foghlama éagsúla agus cuimsítear í i roinnt de na príomhscileanna. Tagraíonn Folláine, in oideachas na sraithe sóisearaí, do dhaoine óga a bheith ag *mothú muiníneach, sona, sláintiúil agus i dteagmháil le daoine agus leis an saol* (CNCM, 2015, lch 24). Cuimseofar sa réimse nua foghlama seo foghlaim a chuimsítí go traidisiúnta sa Chorpoideachas, in OSPS agus in OSSP. Cruthóidh sé *deiseanna foghlama chun cur le folláine agus teacht aniar fisiciúil, meabhrach, mothúchánach agus sóisialta scoláirí* (CNCM, 2015, lch 25). Tá ról riachtanach ag an Eacnamaíocht Bhaile chun tacú le folláine an scoláire mar dhuine aonair agus mar bhall den teaghlach. Is é an rún atá ag oideachas na hEacnamaíochta Baile ná go mbeidh sé ar chumas an scoláire a bheith freagrach as a fholláine fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach agus shóisialta féin trí phríomhscileanna saoil a fhorbairt.

## Achoimre Roinne

Cuirtear béim lárnach in Eacnamaíocht Bhaile ar dhul i ngleic leis na fadhbanna praiticiúla agus dáiríre a bhíonn ag teaghlaigh agus ag daoine óga go rialta agus é sin a dhéanamh ar bhealaí atá freagrach ar bhonn sóisialta. Baintear leas as cur chuige córasach san Eacnamaíocht Bhaile ionas go mbeidh daoine aonair agus teaghlaigh ábalta aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna nó ar an imní seo ina saol féin ar roinnt bealaí ó lá go lá. Baintear é sin amach trí eolaíochtaí sóisialta, fisiciúla agus daonna a chomhtháthú. Agus sonraíocht nua á dearadh ní miste breathnú ar an bhfealsúnacht bhunúsach sin agus í a léiriú in aidhm agus i réasúnaíocht an ábhair.

Is eiseamláir é oideachas Eacnamaíocht Bhaile den tógachas áit a n-éascaítear an scoláire leis an bhfoghlaim a chur i gcomhthéacs, ag tógáil ó raon disciplíní. Díríonn oideachas Eacnamaíocht Bhaile, trí chur chuige comhtháite, ar lánchumas a bhaint as foghlaim ó thaithí. Gabhtar do chur chuige foghlama fadhb-bhunaithe in oideachas Eacnamaíocht Bhaile d'fhonn fadhbanna praiticiúla rialta a réiteach i réimsí ceardaíochta agus deartha; scileanna teicstíle; staidéar tomhaltóirí agus bia. D'fhéadfaí breathnú, i sonraíocht an ábhair, ar an gcaoi a bhforbrófar na scileanna a bhaineann le smaointeoireacht chriticiúil, mhachnamhach, le réiteach fadhbanna agus le meiteachognaíocht.

Is í 'Eacnamaíocht Bhaile' an t-ainm a ghlactar agus a aithnítear go hidirnáisiúnta don disciplín. I dtíortha inar leasaíodh an t-ainm tá ilroinnt agus easpa aitheantais le brath dá bharr. Mhol an Chónaidhm Idirnáisiúnta don Eacnamaíocht Bhaile athbhrandáil seachas athainmniú. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh air sin i ndearadh shonraíocht nua an ábhair.

Tá ról riachtanach ag an Eacnamaíocht Bhaile chun tacú le folláine scoláirí mar dhaoine aonair agus mar bhaill den teaghlach. D'fhéadfaí breathnú ar an gcaoi ar féidir leis an ábhar tuilleadh feabhais a chur ar an réimse nua foghlama sa tSraith Shóisearach ar a dtugtar Folláine nuair atá an tsonraíocht nua á fhorbairt.

# 5. Nithe a raibh tionchar acu ar oideachas Eacnamaíocht Bhaile sa 21ú haois

Tá roinnt treochtaí nó tosca idirnasctha sa tsochaí a thugann riachtanas leanúnach le fios maidir le hoideachas Eacnamaíocht Bhaile. Tá baint dhíreach ag roinnt acu seo leis an gcuraclam agus tá na cinn eile níos córasaí. Tá sé tábhachtach iad sin a bhreithniú d'fhonn oiriúnacht agus ábharthacht an ábhair a chinntiú do shaol daoine aonair, teaghlaigh, pobail agus an tsochaí. Rinne Pendergast (2009) cur síos ar Eacnamaíocht Bhaile sa 21ú hAois, le stair dhomhanda os cionn céad bliain d'aois, mar rud atá ag tráth inréimneach. Maítear go dtugann tosca sa tsochaí, a tharlaíonn ag an am céanna, tráth chaoithiúil nó comhbheartaithe chun fís nua a chruthú don Eacnamaíocht Bhaile (Pendergast, 2009).

Aibhsítear sa chuid seo den pháipéar roinnt de na tosca idirnasctha seo sa tsochaí, eadhon:

- Athruithe ar an teaghlach agus ar chórais shóisialta
- Oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus maireachtáil fhreagrach
- Inniúlacht i gcúrsaí bia agus sláinte
- Bainistíocht acmhainní agus baile

Is féidir le hEacnamaíocht Bhaile ról tábhachtach a bheith aici chun aghaidh a thabhairt ar na treochtaí idirnasctha sin sa tsochaí, trí chur chuige córasach, d'fhonn an saol maireachtála inbhuanaithe is fearr a bhaint amach do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do shochaithe.

## 5.1 Athruithe ar an teaghlach agus ar chórais shóisialta

Tá lárnacht an teaghlaigh ina gné bhunúsach de bhonn teoiriciúil na hEacnamaíochta Baile. Is í an t-aon ábhar curaclaim í a bhfuil cumhachtaí agus folláine an teaghlaigh a éascú mar chúram uirthi. Tá athrú suntasach ar shaol an teaghlaigh agus ar chomhthéacsanna sa tsochaí le scór bliain anuas agus deimhnítear na hathruithe sin nuair a fheictear na treochtaí i struchtúr agus i gcomhdhéanamh an teaghlaigh (TUSLA, 2013). Mar sin féin, níl aonad an teaghlaigh scoite amach leis féin toisc go mbíonn tionchar ag iompraíochtaí agus ag cleachtais i dtimpeallacht an bhaile ar a thimpeallacht máguaird

laistigh den chóras sóisialta agus go mbíonn tionchar ag an timpeallacht sin air. Glactar leis go forleathan go bhfuil smaointeoireacht chóras, mar thacar sainscileanna, ríthábhachtach chun dul i ngleic leis na fadhbanna casta idirspleácha a bhíonn os comhair na sochaí (Arnold agus Wade, 2015). Bhí cur chuige córasach i leith na hEacnamaíochta Baile intuigthe, go traidisiúnta, sa bhonn teoiriciúil ach níor cuireadh in iúl é i gcónaí. Nuair a úsáidtear cur chuige theoiric na gcóras i leith an disciplín éascaítear cur chuige cuimsitheach agus inbhuanaithe chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna praiticiúla rialta a bhíonn le sárú ag teaghlaigh. Cuirtear bealach inrochtana i láthair i dteoiric chóras bithéiceolaíochta Bronfenbrenner (1979) chun tuiscint an scoláire air féin laistigh de na córais timpeall air a fhorbairt – ó chóras an teaghlaigh ag micrea-leibhéal go dtí macra-leibhéal na gcóras domhanda. Ag glacadh lena bhunús córasach, tugann Eacnamaíocht Bhaile tús áite don chuspóir go neartófaí an gaol idir gach ceann de na córais sin.

## 5.2 Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe agus maireachtáil fhreagrach

Soláthraítear creat sa Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn 2014-2020, *Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe,* chun tacú le rannchuidiú na hearnála oideachais do thodhchaí níos inbhuanaithe. Tá sé d'aidhm ag an Straitéis Náisiúnta

> *a chinntiú go gcuireann an t-oideachas leis an bhforbairt inbhuanaithe tríd an eolas ábhartha a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ('céard'), na príomh-mheonta agus scileanna ('cén chaoi') agus na luachanna ('cén fáth') a spreagfaidh agus a chumhachtóidh iad ar feadh a saoil chun bheith ina saoránaigh eolasacha ghníomhacha a rachaidh i mbun gnímh ar mhaithe le todhchaí níos inbhuanaithe* (ROS, 2014, lch 3).

Leagtar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe síos mar luach lárnach laistigh de gach clár staidéir in oideachas Eacnamaíocht Bhaile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tugann Institiúid Eacnamaíocht Bhaile na hAstráile ar aird gur féidir le scoláirí Eacnamaíocht Bhaile tuiscint a fháil ar idirspleáchas an tsaoil ó lá go lá leis an timpeallacht i gcoitinne agus le saol daoine eile a bhaineann le hinbhuanaitheacht eiticiúil agus éiceolaíoch (Institiúid Eacnamaíocht Bhaile na hAstráile, 2002). Féachann an Roinn Oideachais agus Scileanna (2014) ar an Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe mar rud réamhghníomhach, atá in ann athrú chun feabhais a chruthú. Spreagtar ábhair ar an gcuraclaim

leis na luachanna agus leis na prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe a chuimsiú agus a chomhtháthú.

Mar gheall ar chomh córasach is atá hoideachas Eacnamaíocht Bhaile, ina gcuimsítear na príomhréimsí de staidéar bia, teicstílí, faisean agus dearadh agus bainistíocht acmhainní an teaghlaigh, cinntítear go bhfuil sé ar chumas an ábhair raon leathan prionsabal maidir le forbairt inbhuanaithe a chomhtháthú (Tormey et al., 2008). Is féidir leis an Eacnamaíocht Bhaile ról tábhachtach a imirt chun an scoláire a spreagadh chun smaoineamh agus chun gníomhú go huilíoch. Sa dearcadh éicea-lárnach seo maidir le Eacnamaíocht Bhaile, mar atá ag Eleanor Vaines (1988), cuirtear béim ar an tábhacht atá le smaoineamh agus le gníomhú go huilíoch agus an scoláire a spreagadh chun gabháil do smaointeoireacht chriticiúil agus mhachnamhach, do fhreagracht shóisialta agus do ghníomh rannpháirtíochta. Cosúil leis an gcur chuige córasach, tugann léargas éicea-lárnach na teoirice criticiúla, dar le Badir (1991), *dúshlán dúinn a aithint go bhfuil baint ag gach ní le gach ní eile*. *Is fís mhorálta den domhan é, ag cur an domhain i gcomhthéacs mar orgánach beo, agus cuireann sé iallach orainn smaoineamh go hiomlánaíoch agus gníomhú go heiticiúil* (lch 61).

## 5.3 Inniúlacht i gcúrsaí bia agus sláinte

Tá imní i gcónaí maidir le sláinte agus le folláine mhuintir na hÉireann. Dar leis an Roinn Sláinte (2013) beidh *an saol amach romhainn thar a bheith costasach agus míshláintiúil mar gheall ar stádas sláinte agus treochtaí stíl bheatha na ndaoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn* (lch 9). Nuair a fhéachtar go sonrach ar shaincheisteanna a bhaineann leis an aiste bia, tá imní mhór phoiblí faoin líon mór daoine atá róthrom nó murtallach. Dar leis an Suirbhé Cothaithe Náisiúnta ar Dhaoine Fásta (2011) tá 37% de dhaoine fásta (idir 18-64) róthrom agus tá 24% díobh murtallach. Léiríodh i Suirbhé Éire Sláintiúil (2015) go bhfuil 25% de pháistí atá 3 bliana d'aois murtallach agus go bhfuil innéacs corpmhaise atá lasmuigh den raon sláintiúil ag 26% de pháistí atá 9 mbliana d'aois. Ina theannta sin, níl go leor páistí ag comhlíonadh na moltaí reatha maidir le haiste bia i gcás an mhéid torthaí agus glasraí nó saill sháithithe nó an méid siúcra a itheann siad (Biaslán, 2014). Go domhanda, tá sé deimhnithe ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go mbeidh murtall ina fhadhb níos tromchúisí ná droch-chothú faoi 2025.

Cruthaíodh an téarma 'inniúlacht i gcúrsaí bia' le gairid, ag nascadh inniúlachta le scileanna bia, agus úsáidtear go forleathan é anois i mbeartais, i gcleachtas agus i dtaighde. Dar le Vidgen agus Gallegos (2014) is féidir inniúlacht i gcúrsaí bia a shainiú mar

> *scafall a chumasaíonn daoine, líon tí, pobail nó náisiúin caighdeán na haiste bia a chosaint trí athrú agus mianach an chothaithe a neartú de réir a chéile. Cuimsítear ann bailiúchán d'eolas, de scileanna agus d'iompraíochtaí a bhfuil gaol acu le chéile, agus a theastaíonn chun bia a phleanáil, a bhainistiú, a roghnú, a ullmhú agus a ithe chun freastal ar riachtanais agus chun iontógáil a chinneadh* (2014, lch 54).

Baineann Inniúlacht i gCúrsaí Bia go bunúsach leis na scileanna a theastaíonn chun caidreamh sláintiúil a choinneáil le bia ar feadh an tsaoil. Tugtar le fios i dtaighde gurb áiteanna maithe iad scoileanna le haghaidh idirghabhálacha ar oideachas faoi bhia toisc go bhfuil sé de chumas ag scoil díriú, ag an am céanna, ar líon mór páistí thar thréimhse fhada (Johnson et al., 2003; BNF, 2004; Lowe et al., 2004). Ina theannta sin, ó thaobh na sláinte poiblí de deirtear má tá duine in ann cócaráil go mbíonn tionchar dearfach aige sin ar chumas an duine aonair smacht a bheith aige féin ar a aiste bia agus cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le roghanna bia (Caraher et al, 1999; Lang agus Caraher, 2001). Is gnéithe riachtanacha d'aon chlár a dhíríonn ar cháilíocht cothaithe a fheabhsú é an tábhacht atá le heolas, le muinín, le bunscileanna cócaireachta agus le scileanna bia a chomhtháthú le comhpháirteanna síceolaíochta mar dhearcaí (McGowan et al., 2015).

Is í Eacnamaíocht Bhaile an t-aon ábhar ar an gcuraclam a mhúineann inniúlacht i gcúrsaí bia ó dhearcadh iomlánaíoch tríd an scoláire a éascú chun eolas cothaithe a fhoghlaim agus an t-eolas sin a chur i bhfeidhm i seisiúin phraiticiúla ina mbíonn bia á ullmhú agus scileanna cócaireachta á gcleachtadh. Spreagann an Eacnamaíocht Bhaile an scoláire chun dearcadh agus caidreamh sláintiúil a fhorbairt maidir le bia. I siollabas 1991 Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh tugadh ualú 40% den am iomlán do Staidéar Bia agus Scileanna Cistineacha. Mar sin féin, mar gheall ar chomh huilechuimsitheach is atá an siollabas tugtar níos mó ama ná sin, i ndáiríre, toisc go meastar go bhfuil gnéithe d'aiste bia agus sláinte laistigh de réimsí eile staidéir lena n-áirítear Staidéir Shóisialta agus Shláinte; Bainistíocht Acmhainne agus Staidéir Bhaile; agus Staidéir Thomhaltachais. Dá bharr sin, nuair atá sonraíocht nua ábhair á forbairt le haghaidh Eacnamaíocht Bhaile féadfar aird chuí a thabhairt ar an leithdháileadh ama reatha a choinneáil, ar a laghad, in éineacht leis an gcur chuige uilechuimsitheach atá ann maidir le múineadh an ábhair ó thaobh na hinniúlachta i gcúrsaí bia de.

Is sampla d’fhadhbanna praiticiúla rialta a bhíonn ag daoine aonair agus ag teaghlaigh iad saincheisteanna bia agus sláinte. Trí mheicníocht na hEacnamaíochta Baile, is féidir an scoláire a éascú chun na príomhinniúlachtaí a fhorbairt ionas go mbeidh sé inniúil ar chúrsaí bia. Féadfar aird chuí a thabhairt ar an gcaoi a n-éascaítear an scoláire chun dearcadh sláintiúil agus caidreamh dearfach a fhorbairt le bia trí fhoghlaim phraiticiúil ó thaithí. Dá bhrí sin, agus sonraíocht nua á ceapadh d’fhéadfaí breathnú ar inniúlacht i gcúrsaí bia mar phríomhshnáithe comhthéacsúil nó mar phríomhréimse foghlama.

## 5.4 Bainistíocht acmhainní agus baile

Tugann treochtaí domhanda tomhaltóirí patrúin tomhaltais shómhara, neamh-inbhuanaithe agus mhífholláine le fios. Léiríonn treochtaí maidir le húsáid fuinnimh ar acmhainní sa bhaile; dramhaíl tí; tomhaltas bia (pacáistiú, bia-aistir, bia próiseáilte, truailliú bia); agus tomhaltas ábhar (mearfhaisean, ábhar atá díobhálach don chomhshaol agus ábhar mí-eiticiúil, fabraicí, táirgeadh agus cúram éadaí) ar fad cleachtais teaghlaigh agus phearsanta atá ag éirí níos neamh-inbhuanaithe gach lá. Dá bharr sin, is riachtanais thábhachtacha é cumhacht a thabhairt don tomhaltóir agus cur ar a chumas roghanna eolasacha agus géarchúiseacha a dhéanamh le haghaidh folláine daoine aonair agus teaghlach sa tsochaí chomhaimseartha.

Nuair a chuirtear oideachas ar thomhaltóirí bíonn sé de chumhacht ag saoránaigh a bheith inniúil mar thomhaltóirí agus freagrach go sóisialta. Dar le McGregor (2011) d’éascódh creat saoránachta maidir le hoideachas tomhaltóirí na tomhaltóirí féin chun gníomhú ar bhealach freagrach i dtaca leis an bpobal i gcoitinne, tionchar a gcuid iompair a thuiscint go háitiúil agus go domhanda, agus anailís a dhéanamh ar iarmhairtí a gcuid roghanna ar an gcomhshaol agus ar an gcomhthéacs sóisialta (lch 5). Tugann Eacnamaíocht Bhaile modh chun éifeachtúlacht agus machnamh criticiúil an scoláire a fhorbairt maidir le hiompar tomhaltóirí; tuiscint maidir le roghnú agus úsáid acmhainní sa bhaile; athrú teicneolaíoch; saincheisteanna comhshaoil agus an tionchar a bhíonn acu sin ar bhainistíocht acmhainní sa bhaile agus ar thomhaltas pearsanta sa saol ó lá go lá.

Tugann an ghéarchéim airgeadais le déanaí agus an tsraith chasta de tháirgí agus de sheirbhísí airgeadais a bhíonn de shíor ag athrú le fios go bhfuil gá fianaiseach ann oideachas faoi chúrsaí airgid a chur ar dhaoine agus ar theaghlaigh. Léirigh Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann an

tábhacht atá le hoideachas faoi *airgeadas pearsanta agus inniúlacht airgeadais chun leasa daoine aonair agus a dteaghlaigh agus an gheilleagair i gcoitinne* (2009, lch 13). Shainaithin an tÚdarás, i gcleachtadh mapála curaclaim, an Eacnamaíocht Bhaile mar cheann den dá ábhar inar cuireadh na naisc ba láidre i láthair le hoideachas faoi airgead pearsanta. Luadh go bhfuil forbairt inniúlachtaí airgeadais *ar cheann de na scileanna saoil is tábhachtaí a theastóidh ó aon duine ina shaol* (ibid, lch 24). Ciallaíonn inniúlacht airgeadais, dar le Hira (2013), an cumas *roghanna airgeadais a thuiscint, saincheisteanna airgeadais a phlé go compordach, agus imeachtaí saoil a mbíonn tionchar acu ar chinntí airgeadais ó lá go lá a phleanáil agus freagairt dóibh* (lch 115). Éascaíonn Eacnamaíocht Bhaile forbairt tomhaltóirí atá inniúil ar chúrsaí airgid. Tugtar na scileanna, an t-eolas agus na luachanna don scoláire chun cinntí eolasacha a dhéanamh agus a chuid acmhainní airgeadais a bhainistiú go freagrach chun leasa agus folláine an duine aonair agus an teaghlaigh.

## Achoimre ar an Rannóg

Tá roinnt tosca sochaíocha idirnasctha ann ar nós athruithe ar chórais teaghlaigh; oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus maireachtáil fhreagrach; inniúlacht i gcúrsaí bia agus sláinte; agus bainistíocht baile agus acmhainní, a mbíonn tionchar acu ar oideachas Eacnamaíocht Bhaile. Tá sé tábhachtach iad sin a bhreithniú d'fhonn oiriúnacht agus ábharthacht an ábhair a chinntiú do shaol daoine aonair, teaghlaigh, pobail agus an tsochaí.

Agus sonraíocht nua á ceapadh le haghaidh Eacnamaíocht Bhaile d'fhéadfaí breathnú ar an gcaoi a n-éascófar smaointeoireacht chórasach d'fhonn scoláire ar smaointeoir criticiúil, anailíseach é a fhorbairt a bhfuil an cumas aige fadhbanna praiticiúla rialta a láimhseáil go héifeachtach i gcomhthéacs an teaghlaigh agus na sochaí. Ag glacadh le lárnacht na gcóras teaghlaigh i bhfealsúnacht bhunúsach Eacnamaíocht Bhaile, d'fhéadfaí breathnú ar smaointeoireacht chórasach laistigh de chomhthéacs an teaghlaigh agus den chomhthéacs sóisialta mar ghné lárnach atá mar bhonn agus mar thaca ag gach ceann de na snáitheanna comhthéacsúla nó réimsí foghlama i sonraíocht an ábhair.

Féadfar aird a thabhairt, sa tsonraíocht nua, ar an gcaoi ar féidir le hEacnamaíocht Bhaile forbairt an scoláire a éascú a bheidh ina smaointeoir agus ina shaoránach a bheidh báúil don chomhshaol amach anseo, agus meáite ar shaol inbhuanaithe agus freagrach a chaitheamh. D'fhéadfaí breathnú ar mhaireachtáil inbhuanaithe agus fhreagrach mar ghné lárnach atá comhtháite thar na snáitheanna comhthéacsúla ar fad nó réimsí foghlama i sonraíocht an ábhair.

Féadfar aird chuí a thabhairt ar an gcaoi a n-éascaítear an scoláire chun dearcadh sláintiúil agus caidreamh dearfach a fhorbairt le bia trí fhoghlaim phraiticiúil ó thaithí. Agus an tsonraíocht nua á ceapadh, d'fhéadfaí breathnú ar inniúlacht i gcúrsaí bia mar phríomhshnáithe comhthéacsúil nó mar phríomhréimse foghlama.

D'fhéadfaí breathnú ar bhainistíocht baile agus acmhainní mar phríomhshnáithe comhthéacsúil nó mar phríomhréimse foghlama nuair atá sonraíocht an ábhair á forbairt le haghaidh Eacnamaíocht Bhaile. D'fhéadfaí éascú cumhachtú an scoláire, mar thomhaltóir, atá inniúil ar chúrsaí airgid agus in ann roghanna eolasacha, géarchúiseacha a dhéanamh a mheas mar ghné lárnach atá comhtháite thar gach snáithe comhthéacsúil nó réimsí foghlama.

# 6. Eacnamaíocht Bhaile – Dearcadh idirnáisiúnta

## 6.1 Aidhm an oideachais Eacnamaíocht Bhaile: Achoimre idirnáisiúnta

Cuirtear i láthair i dTábla a Sé aidhm oideachas Eacnamaíocht Bhaile in Éirinn, i Málta, sa tSeapáin, san Fhionlainn agus i dTuaisceart Éireann, an t-ainm foirmiúil agus stádas an ábhair ar an gcuraclam.

**Tábla 6: Curaclaim Eacnamaíocht Bhaile go hidirnáisiúnta**

| Tír | Ainm | | Aidhm an Oideachais in Eacnamaíocht Bhaile |
|---|---|---|---|
| **Éire** | Eacnamaíocht Bhaile | Roghnach | *Eacnamaíocht Bhaile lárnach i saol an duine óig anois agus sa todhchaí. Is é is cuspóir di ná daoine óga a oiliúint i scileanna faoi leith a bheadh úsáid dóibh... áirítear leis seo a lán modhanna oibre is gá do mhaireachtáil laethúil* (an Roinn Oideachais, 1990, lch 1). |
| **Málta** | Eacnamaíocht Bhaile | Roghnach | Dar leis an Stiúrthóireacht um Cháilíocht agus Chaighdeáin san Oideachas (2012), is é an cur chuige maidir le teagasc agus foghlaim in Eacnamaíocht Bhaile ná *scileanna a chothú a fhorbraíonn intinn fhiosrach* (lch 10). Cuirtear teoiric shóisialta chriticiúil i bhfeidhm ar theagasc agus ar fhoghlaim in Eacnamaíocht Bhaile d'fhonn saoránaigh chriticiúla mhachnamhacha a fhorbairt sa tsochaí a bhfuil dearcadh saor acu maidir le réiteach fadhbanna (Piscopo agus Mugliett, 2014) |
| **An tSeapáin** | Eacnamaíocht Bhaile | Éigeantach in ardscoileanna sóisearacha | Is é aidhm chlár Eacnamaíocht Bhaile Ardscoileanna Sóisearacha na Seapáine *cur ar chumas an scoláire eolas agus scileanna bunúsacha a fhoghlaim atá riachtanach chun saol neamhspleách a chaitheamh trí ghníomhaíochtaí praiticiúla a bhaineann le bia, le héadaí agus le tithíocht; an tuiscint ar fheidhmeanna* |

| Tír | Ainm | | Aidhm an Oideachais in Eacnamaíocht Bhaile |
|---|---|---|---|
| | | | *an teaghlaigh a dhoimhniú, agus féachaint i dtreo a shaol amach anseo agus scileanna agus dearcaí a fhorbairt i dtreo saol níos fearr ina n-aithnítear dúshláin* (Cumann na Seapáine d'Oideachas Eacnamaíocht Bhaile, 2012, lch 18). |
| **An Fhionlainn** | Eacnamaíocht Bhaile | Éigeantach go dtí Grád 7 | *Is é aidhm an teagaisc in Eacnamaíocht Bhaile cumais chomhoibritheacha a fhorbairt, faisnéis a fháil agus scileanna oibre praiticiúla a theastaíonn chun an saol a láimhseáil ó lá go lá, chomh maith leis na cúinsí sin a chur i bhfeidhm sa saol ó lá go lá... Ní mór go mbeadh an teagasc in Eacnamaíocht Bhaile bunaithe ar ghníomhaíocht phraiticiúil... In Eacnamaíocht Bhaile cuireann an dalta eolas maith ar go leor saincheisteanna atá tábhachtach ó thaobh folláine phearsanta agus dea-mhaireachtála de – saincheisteanna ina ndéileáiltear leis na daoine óga iad féin, leis an mbaile, leis an teaghlach, agus leis na naisc idir na gnéithe sin agus sochaí agus timpeallacht atá ag athrú* (Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne, 2004, lch 250) |
| **Tuaisceart Éireann** | Eacnamaíocht Bhaile | Éigeantach (Príomhchéim 3) | *Tugann Eacnamaíocht Bhaile deiseanna don scoláire saincheisteanna ina shaol a bhaineann go sonrach le comhthéacsanna san fhíorshaol a fhiosrú. Dá mbarr sin forbraítear raon leathan scileanna inaistrithe. Rud atá an-luachmhar is ea mar a chuidíonn an t-ábhar le forbairt scileanna ar nós cinnteoireachta agus oibriú le daoine eile* (an Chomhairle Curaclaim, Scrúduithe agus Measúnaithe, 2007, lch 2). |

Cé go bhfuil éagsúlacht ag baint le dearadh agus le struchtúr na gcuraclam go hidirnáisiúnta, is é an phríomhaidhm agus an misean céanna atá acu ar fad. Go hidirnáisiúnta, rinne an Chónaidhm Idirnáisiúnta don Eacnamaíocht Bhaile iarracht treoir a thabhairt don disciplín trí chreat a sholáthar don ábhar (*IFHE Position Statement*, 2008) a pléadh i Roinn 4 agus 5 den pháipéar seo. Léiríonn na

haidhmeanna agus na misin thuas fealsúnacht an disciplín mar a thugtar breac-chuntas uirthi i Roinn 4 den pháipéar seo.

## 6.2 Struchtúr an churaclaim Eacnamaíocht Bhaile: achoimre idirnáisiúnta

Tugtar achoimre i dTábla a Seacht ar na réimsí foghlama sa tsraith shóisearach agus i gcuraclaim eacnamaíocht bhaile sna chéad bhlianta sa mheánscoil i roinnt tíortha. Áirítear an t-ábhar Ceardaíochta sa tábla san Fhionlainn agus sa tSualainn. Cé nach ionann é sin agus an 'Eacnamaíocht Bhaile' mar atá sna tíortha sin, is múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile is mó a mhúineann an t-ábhar.

Ón achoimre a chuirtear i láthair is léir gur rud sainiúil í Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh in Éirinn sa mhéid is go dtairgtear cúig phríomhréimse staidéir agus réimse roghnach don scoláire. Tairgeann formhór na dtíortha trí nó ceithre réimse foghlama do scoláirí gan aon réimse roghnach. Léiríonn na teidil leathana a shanntar ar na réimsí staidéir cé chomh hildisciplíneach is atá an disciplín agus go ndírítear ar scileanna saoil inaistrithe a fhorbairt.

**Tábla 7: Réimsí Foghlama i gcuraclaim Eacnamaíocht Bhaile go hidirnáisiúnta**

| Tír | Réimsí Foghlama | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Éire (Eacnamaíocht Bhaile)** | 1. Staidéar Bia agus Scileanna Cistine | 2. Staidéar Tomhaltachais | 3. Staidéir Shóisialta agus Shláinte | 4. Bainistíocht Acmhainne agus Staidéir Bhaile | 5. Staidéir Teicstílí | 6. Réimse Roghnach:<br>• Cúram leanaí<br>• Dearadh agus Ceardaíocht<br>• Scileanna Teicstílí |
| **Málta (Eacnamaíocht Bhaile)** | 1. Bia, Cothú agus Sláinte<br>I. Bia, Sláinte agus Cothromaíocht Fuinnimh<br>II. Bainistíocht Acmhainní Inbhuanaithe<br>III. Sábháilteacht agus Bainistíocht Riosca<br>IV. Idirghabhálacha Praiticiúla | 2. An Baile agus Folláine an Teaghlaigh | 3. Acmhainní a Roghnú agus a Bhainistiú | | | |
| **An tSeapáin (Eacnamaíocht Bhaile)** | 1. An Teaghlach, an Baile agus Fás an Linbh | 2. Bia, Cócaireacht agus Saol Neamhspleách | 3. Éadach, Tithíocht agus | 4. Tomhaltas Laethúil agus an Comhshaol | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Saol Neamhspleách | |
| **Ceanada (Manitoba) Éiceolaíocht Dhaonna** | 1. Bia agus Cothú | 2. Forbairt an Duine | 3. Éadach agus Teicstílí | |
| **Tuaisceart Éireann (Eacnamaíocht Bhaile)** | 1. Bia Sláintiúil | 2. An Baile agus Saol an Teaghlaigh | 3. Maireachtáil go Neamhspleách | |
| **An Fhionlainn (Eacnamaíocht Bhaile)**<br><br>***Ceardaíocht*** | 1. An Teaghlach agus ag maireachtáil le chéile<br><br>1. Ábhar ginearálta maidir le déanamh ceardaíochta | 2. Cothú agus cultúr an bhia<br><br>2. Inneachar: Obair theicniúil | 3. An tomhaltóir agus an tsochaí athraithe<br><br>3. Inneachar: Obair theicstíle | 4. An baile agus an comhshaol |
| **An tSualainn (Staidéar Baile agus Tomhaltachais)**<br><br>***Ceardaíocht*** | 1. Bia, Béilí agus Sláinte<br><br>1. Ábhair, uirlisí agus teicnící a úsáidtear i gceardaíocht | 2. Tomhaltas agus Airgeadas Pearsanta<br><br>2. Próisis oibre i gceardaíocht | 3. An Comhshaol agus Stíl Mhaireachtála<br><br>3. Léirithe aeistéitiúla agus cultúrtha den cheardaíocht | 4. Ceardaíocht sa tsochaí |

## Achoimre ar an Rannóg

Is féidir aidhmeanna Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh in Éirinn a chur i gcomparáid le curaclaim dá leithéid i dtíortha eile. D'fhéadfaí breathnú ar Ráiteas Seasaimh na Cónaidhme Idirnáisiúnta don Eacnamaíocht Bhaile (2008) nuair a bheidh aidhmeanna agus réasúnaíocht na sonraíochta nua d'Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí á scríobh.

Níl Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh in Éirinn ar aon dul le tíortha eile sa mhéid is go dtairgtear réimse roghnach agus cúig réimse foghlama/staidéir don scoláire. I bhformhór na gcuraclam Eacnamaíocht Bhaile a ndearnadh anailís orthu tairgtear trí nó ceithre réimse foghlama ar a mhéad. Bíonn éagsúlacht sna teidil a shanntar ar réimsí foghlama idir tíortha; mar sin féin, léirítear iontu go léir an misean lárnach atá ag an Eacnamaíocht Bhaile. Agus sonraíocht nua ábhair á ceapadh le haghaidh Eacnamaíocht Bhaile d'fhéadfaí breathnú ar an struchtúr, i gcomhthéacs réimse roghnach staidéir a thairiscint. Mar a scrúdaíodh i Ranna 2, 4 agus 5 den pháipéar seo, féadfar féachaint arís ar na réimsí foghlama d'fhonn b'fhéidir réimsí roghnacha staidéir atá ann cheana a chomhtháthú laistigh de na réimsí foghlama athbhreithnithe. Ina measc sin atá ann faoi láthair tá na príomhréimsí staidéar bia agus scileanna cistineacha; staidéir thomhaltais; staidéar sóisialta agus sláinte; bainistíocht acmhainne agus staidéir bhaile; teicstílí agus réimsí roghnacha cúram páistí; dearadh agus ceardaíocht agus scileanna teicstíle. Ina theannta sin, féadfar nuair atáthar ag dearadh na sonraíochta nua príomhghnéithe comhaimseartha a bheith mar thaca leis na réimsí foghlama go léir.

# 7. Sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile sa tSraith Shóisearach nua

Cé go bhféadfadh saintréithe faoi leith a bheith ag roinnt acu, ag eascairt ón réimse foghlama atá i gceist, tá roinnt gnéithe comónta ag gach sonraíocht sa tsraith shóisearach, i gcás na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí. Is iad na gnéithe comónta sin:

- tá siad bunaithe ar thorthaí
- léiríonn siad leanúntas foghlama ina ndírítear ar dhul chun cinn an fhoghlaimeora
- leagann siad amach ionchais shoiléire le haghaidh na foghlama
- soláthróidh siad samplaí de na hionchais sin
- cuimseoidh siad fócas ar na hocht bpríomhscil
- féachfaidh siad chuige go mbíonn an teanga a úsáidtear soiléir agus an téarmaíocht leanúnach.

Chun feabhas a chur ar an nasc le foghlaim agus le teagasc sa bhunscoil, comhroinntear na tréithe seo le Curaclam na Bunscoile. Gheofar i sonraíocht gach ábhair agus gearrchúrsa sa tsraith shóisearach na nithe seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Intreoir don tsraith shóisearach | Intreoir chomónta a bheidh inti do gach sonraíocht agus tabharfar achoimre inti ar na príomhghnéithe den Chreat don tSraith Shóisearach |
| 2 | Réasúnaíocht | Déanfar cur síos anseo ar chineál agus ar chuspóir na n-ábhar chomh maith leis na riachtanais agus na hinniúlachtaí ginearálta a bheidh ar scoláirí agus a n-éileoidh sé orthu.<br>Déanfar iarracht sa téacs, mar is cuí, aird a tharraingt ar dhúshláin agus ar aon cheist rochtana a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar na hábhair do scoláirí a bhfuil sainriachtanais acu nó do scoláirí faoi mhíchumais. |
| 3 | Aidhm | Tabharfar cur síos gonta anseo ar aidhm an ábhair. |

| | | |
|---|---|---|
| 4 | Naisc le:<br>Ráitis Foghlama<br>Príomhscileanna | Aibhseofar agus míneofar anseo an chaoi a nasctar an t-ábhar le gnéithe lárnacha foghlama agus teagaisc sa tsraith shóisearach. |
| 5 | Forbhreathnú:<br>Snáitheanna<br>Torthaí Foghlama | Léireoidh forbhreathnú ar an ábhar an chaoi a n-eagraítear é agus leagfar amach ann, i snáitheanna agus i dtorthaí foghlama, an fhoghlaim a bhíonn i gceist. |
| 6 | Ionchais maidir le scoláirí | Nascfar iad sin le grúpaí de thorthaí foghlama agus bainfidh siad le samplaí d'obair scoláirí. Cuirfear nótaí leis na samplaí, ina mínítear an bhfuil an obair ag teacht le hionchais maidir le scoláirí, chun tosaigh orthu, nó taobh thiar díobh. |
| 7 | Measúnú agus teistiúchán | Tagraíonn an roinn seo do mheasúnú foirmitheach agus do mheasúnú suimitheach araon. Tugtar breac-chuntas ann ar na comhpháirt(eanna) measúnaithe trína gcuirfidh scoláirí fianaise ar fhoghlaim i láthair ar bhonn leanúnach, agus ar mhaithe le gnóthachtáil a thaifeadadh le haghaidh phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)[1]<br><br>Cuirtear leis an gcur síos seo ar an measúnú trí shonraíochtaí measúnaithe agus trí threoirlínte ar leith a bheidh le húsáid sa dara agus sa tríú bliain. |

[1]Is é PGSS an dámhachtain nua do gach scoláire sa tsraith shóisearach. Tiocfaidh sé i gcomharbacht ar an dámhachtain reatha, an Teastas Sóisearach.

# 8. Páipéar Treorach don Athbhreithniú ar Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí

Is é a thiocfaidh as an athbhreithniú ar Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí sonraíocht de réir an teimpléid i roinn 7.

Cuirfear an tsonraíocht ar fáil ag leibhéal comónta. Dearfar í chun í a theagasc agus a mheasúnú in 200 uair an chloig ar a laghad agus déanfar í a struchtúrú ina snáitheanna agus ina torthaí foghlama. Forbrófar an tsonraíocht i gcomhréir leis na ráitis foghlama, lena n-áirítear an méid seo a leanas i gcás an scoláire:

- tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe
- tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe agus roghanna á ndéanamh aige/aici a bhaineann le stíl shláintiúil mhaireachtála
- tuigeann an scoláire bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall air/uirthi
- déanann an scoláire cinntí eolasacha airgeadais agus forbraíonn sé/sí scileanna maithe tomhaltacha
- léiríonn an scoláire tionscnaíocht, tá sé/sí nuálach agus forbraíonn sé/sí scileanna fiontraíochta
- tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú
- gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú

Déanfar príomhscileanna na sraithe sóisearaí a leabú i dtorthaí foghlama na sonraíochta, mar is cuí.

Cuirfear an tsonraíocht i gcrích faoi fhómhar na bliana 2017 agus nuair a bheidh sí á forbairt cuirfear taighde agus forbairtí reatha i ndisciplín na hEacnamaíochta Baile san áireamh. Léireoidh sí freisin tuiscint atá ag teacht chun cinn ar hábhar agus ar chineál an oideachais Eacnamaíocht Bhaile, agus an gá atá ann í a bheith ar aon dul le forbairt leanúnach na straitéise uimhearthachta agus litearthachta.

Tabharfaidh forbairt na sonraíochta nua aghaidh ar leanúnachas agus ar dhul chun cinn.

Forbrófar í agus aird ar na naisc agus ar na sineirgí le hábhair eile.

Le bheith níos sonraíche, tabharfaidh forbairt na sonraíocht nua aghaidh orthu seo a leanas:

- Aidhmeanna Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, á ndéanamh trédhearcach agus soiléir sa tsonraíocht do scoláirí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí
- An chaoi a léireofar fealsúnacht bhunúsach na hEacnamaíochta Baile sa tsonraíocht le tagairt shonrach do chur chuige córasach maidir le fadhbanna praiticiúla rialta
- An chaoi a n-eagrófar an cúrsa; an leanfaidh sé den struchtúr céanna thart ar na príomhréimsí staidéir agus réimse roghnach staidéir
- Cé na snáitheanna comhthéacsúla nó réimsí foghlama a chuirfear san áireamh agus cibé an féidir snáitheanna téamacha eile a chur leo nó cinn reatha a athainmniú. Ina measc sin atá ann faoi láthair tá na príomhréimsí staidéar bia agus scileanna cistineacha; staidéir thomhaltais; staidéar sóisialta agus sláinte; bainistíocht acmhainne agus staidéir bhaile; teicstílí agus réimsí roghnacha cúram páistí; dearadh agus ceardaíocht agus scileanna teicstíle
- Cé na príomhghnéithe a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí
- An chaoi a socrófar struchtúr mheasúnú na ngnéithe teoiriciúla agus praiticiúla den Eacnamaíocht Bhaile le cinntiú go gcoinneofar claonadh praiticiúil an ábhair
- Na saincheisteanna a bhaineann le fairsinge agus le hoiriúnacht inneachar an chúrsa
- An chaoi a gcuirfear teagasc agus foghlaim phraiticiúil agus ar bhonn fiosraithe chun cinn
- An chaoi ar féidir leis an gcúrsa príomhscileanna na sraithe sóisearaí a fhorbairt

- An chaoi ar féidir leis an gcúrsa scileanna praiticiúla Eacnamaíocht Bhaile an scoláire a fhorbairt
- An chaoi ar féidir leis an gcúrsa cruthaitheacht, nuálaíocht agus scileanna comhoibrithe an scoláire a fhorbairt
- Saincheist uileghabhálacht inscne na sonraíochta ina cur i láthair agus ina réim teanga
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair agus ina réim teanga, a bheith dírithe go mór ar an scoláire agus, ag aithint ghuth an scoláire, fócas soiléir a bheith aici ar an méid is féidir le scoláirí a dhéanamh chun a gcuid scileanna, inniúlachtaí agus éachtaí a fhorbairt agus a léiriú
- Leanúnachas agus dul chun cinn: an chaoi le ceangal le foghlaim ábhartha ag an mbunleibhéal agus tógáil uirthi, chomh maith le hardán a chur ar fáil chun staidéar a dhéanamh ar an Eacnamaíocht Bhaile sa tsraith shinsearach; an chaoi a nascann an eacnamaíocht bhaile le foghlaim eile sa tsraith shóisearach, Folláine go háirithe
- Measúnú leanúnach ar fhoghlaim scoláirí agus ina theannta sin na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an scrúdú deireanach.

Beidh obair Mheitheal Forbartha Ábhair na hEacnamaíochta Baile bunaithe ar an bpáipéar treorach seo ar an gcéad dul síos. Agus an grúpa i mbun oibre agus plé, d’fhéadfaí roinnt de na pointí seo a fhormhíniú agus go gcuirfí pointí eile leis an bpáipéar treorach.

# Tagairtí


Arnold, R., and Wade, J. (2015) A Definition of Systems Thinking: A Systems Approach. Procedia Computer Science 44, lch 669 – lch 678

Badir, D. (1991) Research: Exploring the parameters of home economics. Canadian Home Economics Journal 41 (2), lch 65-lch 70

Barrows, H. S, agus Kelson, A. M. (1993) Problem-based learning: A total approach to education. Monograph. Springfield, IL: Southern Illinois University School of Medicine

Brown, M. agus Paolucci, B. (1978) Home Economics: A definition. American Home Economics Association

Caraher, M., Dixon, P., Lang, T., agus Carr-Hill, R. The state of cooking in England: the relationship of cooking skills to food choice. British Food Journal. 101(8) lch 590-lch 609

An Chomhairle Curaclaim, Scrúduithe agus Measúnaithe (2007) Home Economics Key Stage 3 Non Statutory Guidance for Home Economics. Rochtain http://ccea.org.uk/sites/default/files/docs/curriculum/area_of_learning/learning_life_work/home_ec/ks3_home_eco_nonstat_guidance.pdf

An Roinn Oideachais (1982) Rules and Programmes for the Day Vocational Certificate Examination 1982/1983. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

An Roinn Oideachais (1984) Rules and Programmes for Secondary Schools 1984/1985. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

An Roinn Oideachais (1990) Siollabas don Teastas Sóisearach: Eacnamaíocht Bhaile. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

An Roinn Oideachais (1990) An Teastas Sóisearach, Eacnamaíocht Bhaile, Treoirlínte do Mhúinteoirí. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

An Roinn Oideachais (1996) Rules and Programmes for Secondary Schools 1987/88 to 1996/97. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2001) Siollabas Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2008) Ag Breathnú ar Eacnamaíocht Bhaile. Baile Átha Cliath: Aonad Tacaíochta agus Taighde ar an Meastóireacht, an Chigireacht. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (2008) *Ag Breathnú ar Eacnamaíocht Bhaile: Múineadh agus Foghlaim in Iar-Bhunscoileanna*. Baile Átha Cliath: Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (2008) Ag Breathnú ar Eacnamaíocht Bhaile: Múineadh agus Foghlaim in Iar-Bhunscoileanna. Baile Átha Cliath: Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2014) An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn 2014-2020, Oideachas don Inbhuanaitheacht. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015) Creat don tSraith Shóisearach 2015. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna

An Roinn Sláinte (2013) Éire Sláintiúil. Creat le haghaidh sláinte agus folláine fheabhsaithe 2013-2015. Arna fhoilsiú ag an Roinn Sláinte, Baile Átha Cliath. https://www.hse.ie/eng/services/publications/corporate/higae.pdf

Dewhurst, Y. agus Pendergast, D. (2008) Home Economics in the 21st Century: A Cross Cultural Comparative Study. International Journal Home Economics. Imleabhar 1 (1)

An Stiúrthóireacht um Cháilíocht agus Chaighdeáin san Oideachas (2012) Handbook for the Teaching of Home Economics

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2014) Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile. Creatlach an pholasaí náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga 2014 – 2020. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

Engberg, L. (1996) Critical Thinking about Family Resource Management. International Federation for Home Economics

Engberg, L. (1996) What should we do about food security? Pléphháipéar. Canadian Home Economics Journal Iml. 46 (3)

Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne (2004) Core curriculum for basic education 2004. Cuid IV: Caibidlí 7.10–7.21. Home Economics. http://www.oph.fi/download/47673_core_curricula_basic_education_4.pdf

Giddings, V., Boles. J., agus Cloud, R. (1996) Assessment practice and implications for home economics in higher education. Family and consumer sciences research journal, 24 (30)

Éire Shláintiúil (2015) Healthy Ireland. Survey 2015. Summary of Findings. http://health.gov.ie/wp-content/uploads/2015/10/Healthy-Ireland-Survey-2015-Summary-of-Findings.pdf

Hira, T. (2013) Home Economics Literacy: Investing in our Future. Journal of ARAHE, Iml. 20 (3), lch 113-lch 118

An Roinn Eacnamaíocht Bhaile, Coláiste San Aingeal (2010) Aighneacht maidir le hAthbhreithniú CNCM ar an tSraith Shóisearach

Institiúid Eacnamaíocht Bhaile na hAstráile (2002) Home Economics Education in Australia. http://www.heia.com.au/heiasa/Understanding%20Home%20Economics.pdf

Institiúid Eacnamaíocht Bhaile na hAstráile (2002) Home Economics Education in Australia. http://www.heia.com.au/heiasa/Understanding%20Home%20Economics.pdf

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Airgeadais (2009) Improving Financial Capability – a multi-stakeholder approach: Report of the National Steering Group on Financial Education. Baile Átha Cliath

An Chónaidhm Idirnáisiúnta don Eacnamaíocht Bhaile (2008) *IFHE Position Statement, Home Economics in the 21st Century*. www.ifhe.org

Cumann Oideachas Eacnamaíocht Bhaile na Seapáine (2012) Home Economics Education in Japan 2012. Arna fhoilsiú sa tSeapáin: Japan Association of Home Economics Education

Johnson, C., Douglin, L., Galati, T., Pedersen, S., Smyth, M. agus Purcell, G.S. (2003) Maintenance of the classroom health education curricula: Results from the Catch-On Study. Health Education and Behaviour Iml. 30 (4), lch 476-lch 488

Lang, T. agus Caraher, M. (2001), Is there a culinary skills transition? Data and debate from the UK about changes in cooking culture. Journal of the Home Economics Institute of Australia, Iml. 8 (2), lch 2-lch 14

Lowe, C. F., Horne, P. J., Tapper, K., Bowdery, M. agus Egerton, C. (2004) Effects of a peer modelling and rewards-based intervention to increase fruit and vegetable consumption in children. European Journal of Clinical Nutrition, Iml. 58, l510-l.522

Maguire, H. (2010) Academic experiences of the design process: An examination of project based textile modules with implications for Home Economics. (Tráchtas Neamhfhoilsithe le haghaidh

Máistreacht sa Litríocht Dámh an Oideachais, An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Baile Átha Cliath, Éire

Mc Gregor, S. (2010) Name changes and future-proofing the profession: Human Sciences as a name? International Home Economics Journal Iml. 3 (21)

McGowan, L., Caraher, M., Raats, R., Lavelle, F., Hollywood, L., McDowell, D., Spence, M., McCloat, A., Mooney, E. agus Dean, M. (2015) Domestic Cooking and Food Skills: A Review. Critical Reviews in Food Science and Nutrition

McGregor, S. (2010) *Locating the Human Condition Concept within Home Economics. McGregor Monograph Series No. 201002* www.consultmcgregor.com

McGregor, S.L.T. (2005) Sustainable consumer empowerment through critical consumer education: A typology of consumer education approaches. International Journal of Consumer Studies, Iml. 9 (5), lch 437-lch 447

McGregor, S.L.T. (2011) Consumer Education Philosophies: The Relationship between Education and Consumption. The Journal for International Education Research and Development Education, Iml. 34 (4), lch 4-lch 8

An Aireacht Oideachais agus Fostaíochta (2012) A National Curriculum Framework (NCF). www.education.gov.mt

An Aireacht Oideachais agus Fostaíochta (2014) Home Economics within the Health and Physical Education Learning Area (N.C.F). Rochtain air an 20 Nollaig 2015 https://curriculum.gov.mt/en/Curriculum/Form-1/Documents/curric_f1/curric_f1_home_econ_units.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2004) NCCA commentary on ESRI research into curriculum provision and school integration among first students. www.ncca.ie

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2006) NCCA commentary on ESRI research into the experiences of students in the second year of junior cycle. www.ncca.ie

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2010) Nuáil & Sainiúlacht: Smaointe faoi Shraith Shóisearach nua www.ncca.ie

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2002) Eacnamaíocht Bhaile, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2004) NCCA commentary on ESRI research into curriculum provision and school integration among first year students

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2008) Consultation on rebalanced syllabuses Home Economics Report to course committee

O'Connor, M. (2007). Sé Sí: Gender in Irish Education. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Pendergast, D. (2003) From the margins: globalisation with(out) home economics. *International Journal of Consumer Studies*, Iml. 27 (4), lch 331 – lch 334

Pendergast, D. (2009) Generational theory and Home Economics: Future proofing the profession. Family and Consumer Sciences Research Journal Iml. 37(4), lch 504-lch 522

Pendergast, D. (2012) The Intention of Home Economics Education: A Powerful Enabler for Future Proofing the Profession IN (Eag.) Pendergast, D., McGregor, S. & Turkki, K. (2012) Creating Home Economics Futures. The next 100 years. The Australian Academic Press

Pendergast, D. (2015) HELM – Home Economics Literacy Model – A vision for the field. Victorian Journal of Home Economics Iml. 54 (1), lch 4

Peterat, L. (2001) Radicalizing and Renewing Home Economics for the Future. Canadian Home Economics Journal Iml. 51(1), lch 30-lch 33

Piscopo, S. (2006) Home Economics in Malta: When it started, how it grew, where it's at. Consumer Sciences Today Iml. 7 (1), lch 6-lch 7

Piscopo, S. agus Mggliett, K. (2014) Redefining and Repackaging Home Economics: case of a Mediterranean island. Victorian Journal of Home Economics Iml. 53 (1), lch 2

Rohan, M. (2007) Leaving Certificate Home Economics. IN Moran, A. Eag (2007) Historical and Contemporary Reflections. Coláiste Oideachais Tís San Caitríona, Sion Hill. Baile Átha Cliath: Linden Publishing Services

Smyth, E. agus Hannon, C. (2002) Who Chooses Science? Baile Átha Cliath: The Liffey Press / ITES

Smyth, E., Dunne, A., Darmody, M. agus McCoy, S. (2006) An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES). Gearing Up for the Exam? Baile Átha Cliath: The Liffey Press / ITES

Smyth, E., Dunne, A., McCoy, S. agus Darmody, M. (2006) An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES). Pathway through the junior cycle. Baile Átha Cliath: The Liffey Press / ITES

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) (2006) Junior Certificate Examination 2006 Home Economics Chief Examiners Report

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) (2012) Junior Certificate Examination 2012 Home Economics Chief Examiners Report

Tormey, R., Liddy, M., Maguire, H., agus Mc Cloat, A. (2008) Working in the Action Research Nexus for ESD. *International Journal of Sustainability in Higher Education*

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TUSLA) (2013) Investing in Families: Parenting Support Strategy Supporting Parents to Improve Outcomes for Children

Vaines, E. (1991) The Home Economist: Action and Service for Education. Canadian Home Economics Journal, 31 (3), lch 126-lch 130

Vidgen, AH., and Gallegos, D. Defining food literacy, its components. Appetite 2014 (76) 50–59.

NCCA